
SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

# Critéir Conairí Rothaíochta Áineasa d'Éirinn



Meitheamh 2023

**Séanadh**
Is é atá sna critéir sa doiciméad seo treoirlínte ina leagtar amach an dea-chleachtas faoi láthair i dtaca le conairí rothaíochta áineasa a fhorbairt. Ní liosta iomlán atá sna critéir agus tá seans ann nach gclúdófar iontu gach cás a thiocfadh chun cinn ar chonair rothaíochta áineasa. Ba cheart do lucht a n-úsáidte a mbreithiúnas féin a thabhairt agus na treoirlínte seo á n-úsáid. Cé go bhféadtar conairí rothaíochta a fhorbairt i gcomhréir leis na critéir seo, ní ghlacann Spórt Éireann le dliteanas as aon timpiste ná gortú a thiocfadh chun cinn de thoradh conairí mar seo a úsáid.

Curtha le chéile ag Outdoor Recreation Northern Ireland i gcomhar le Rothaíocht Éireann, Coillte, an Roinn Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann.

**Sonraí na ngrianghraf**
Active Disability Ireland – Ich 27
Doug Corrie - Ich 54
Fáilte Éireann – Clúdach Tosaigh, Ich 7, Ich 11, Ich 15, Ich 20, Ich 23, Ich 24, Ich 28, Ich 47, Ich 48, Ich 55
Outdoor Recreation Northern Ireland – Ich 4, Ich 12, Ich 14
Robert Ziabek - Ich 8, Ich 41
Spórt Éireann – Ich 18, Ich 26, Ich 29,
William Hook ar Unsplash – Ich 34

# Clár na nÁbhar


1 **Réamhrá** 4

1.1 Cúlra 4

1.2 Cad is Conair Rothaíochta Áineasa ann? 4

1.3 Cineálacha Conairí Rothaíochta Áineasa 5

1.4 Cad chuige a bhfuil Clár Náisiúnta na gConairí agus critéir le haghaidh conairí ann? 6

1.5 Na gnéithe is tábhachtaí le go mbeidh conair shásúil rothaíochta ann 6

2 **Seicliosta de na Critéir** 8

3 **Gnéithe Bunúsacha** 11

3.1 Sábháilteacht 11

3.2 Comhaontú Rochtana agus Pleanála 16

3.3 Inbhuanaitheacht Chomhshaoil 18

3.4 Bainistiú Conaire 21

4 **Gnéithe a bhaineann le Gníomhaíocht faoi leith** 23

5 **Glasbhealaí** 24

5.1 Cad is Glasbhealach ann? 24

5.2 Glasbhealach – Dearadh Conaire agus Bonneagar 24

5.3 Glasbhealach – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 25

5.4 Glasbhealach – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin) 27

6 **Conair Easbhóthair - Saor ó Thrácht** 28

6.1 Cad is conair rothaíochta saor ó thrácht ann? 28

6.2 Saor ó Thrácht – Dearadh Conaire agus Bonneagar 28

6.3 Saor ó Thrácht – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 33

6.4 Saor ó Thrácht – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin) 33

7 **Conair Easbhóthair - Rothaíocht Sléibhe** 34

7.1 Cad is rothaíocht sléibhe ann? 34

7.2 Rothaíocht Sléibhe – Dearadh Conaire agus Bonneagar 34

7.3 Rothaíocht Sléibhe – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 40

7.4 Rothaíocht Sléibhe - Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin) 46

8 **Conairí ar an mBóthar** 47

8.1 Cad is Rothaíocht ar an mBóthar ann? 47

8.2 Ar an mBóthar – Dearadh Bealaigh agus Bonneagar 47

8.3 Ar an mBóthar – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 52

8.4 Ar an mBóthar – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin) 53

9 **EuroVelo** 54

**Aguisíní** 55

**Aguisín A:** Dliteanas Áititheoirí 55

**Aguisín B:** Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí) 57

**Aguisín C:** Teimpléad Samplach don Mheasúnú Riosca 58

**Aguisín D:** Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 59

**Aguisín E:** Gluais na dTéarmaí 64



# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Tá Spórt Éireann chun tosaigh ó thaobh tacaíocht a thabhairt chun conairí áineasa a fhorbairt ar fud na hÉireann le níos mó daoine a spreagadh le bheith gníomhach taobh amuigh. Tá sé de chúram ar Spórt Éireann forbairt a dhéanamh ar chritéir agus dea-chleachtas a bhaineann leis na conairí chomh maith le Clár Náisiúnta na gConairí a choinneáil chun dáta. Tá an ról seo an-tábhachtach san fhorbairt leanúnach ar chonairí ardchaighdeáin, ról atá mar sprioc thábhachtach i mbeartas Spórt Éireann maidir le Spórt agus Gníomhaíocht Coirp taobh amuigh (cuspóir beartais 3.2).

Tugann Spórt Éireann tacaíocht chun forbairt agus poiblíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ardchaighdeáin agus ar an dea-chleachtas le go mbeidh daoine páirteach sa spórt agus gníomhaíocht coirp taobh amuigh ar bhealach sábháilte inbhuanaithe (cuspóir beartais 2.3). Measann Spórt Éireann gur cuidiú a bheidh sna critéir chaighdeánaithe i gcomhair conairí rothaíochta áineasa le go mbeidh cur chuige ardchaighdeáin leanúnach ann leis na conairí a fhorbairt agus a bhainistiú amach anseo.

## 1.2 Cad is Conair Rothaíochta Áineasa ann?


Is mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar chonair rothaíochta áineasa chun críocha na gcritéar seo:

- Conair atá leagtha amach (líneach nó cruinn) a úsáidtear go príomha chun críocha áineasa agus fóillíochta (seachas don taisteal gníomhach)[1] a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi ar rothar ar a laghad (i.e., tá seans ann go mbeidh úsáid chomhchoiteann i gceist ar chonairí áirithe).
- Beidh comharthaíocht/léarscáileanna cuí ann le leagan amach na conaire a thabhairt.
- Cuirfear eolas ar fáil do chuairteoirí (roimh an gcuairt agus lena linn) le go mbeidh úsáideoirí in ann rogha a dhéanamh bunaithe ar an eolas maidir le hoiriúnacht na conaire i gcomparáid leis an gcumas, taithí agus trealamh atá acu. Ba cheart tagairt a dhéanamh don leibhéal inrochtaineachta i gcás daoine atá faoi mhíchumas.
- Inrochtana - saor in aisce d'aon bhall den phobal ar choinníoll go léiríonn an duine sin meas ar úsáideoirí eile agus ar an gcomhshaol[2].
- Cur síos soiléir, i.e. ráiteas soiléir ar a bhfuil le fáil ar an gconair. Cuirfear an méid sin in iúl go leanúnach in ainm na conaire, san eolas poiblíochta, san eolas do chuairteoirí agus ar an gcomharthaíocht.
- Struchtúr bainistíochta atá leagtha amach go soiléir chun an chonair a bhainistiú.
- Tionscnamh don turasóireacht gníomhaíochtaí agus/nó rannphháirteachas áitiúil chun éascaíocht a dhéanamh ar shlite maireachtála níos sláintiúla, cásanna de chaidreamh sóisialta agus forbairt eacnamaíoch.

1 Aithnítear go n-úsáidfear conairí rothaíochta áirithe, glasbhealaí cuir i gcás, chun críocha áineasa agus don taisteal gníomhach. An sainmhíniú atá ag an Roinn Iompair ar an Taisteal Gníomhach ná 'taisteal ar chúis éigin agus do chuid fuinnimh féin a úsáid'
2 Ní chiallaíonn sé sin nach féidir táille réasúnta a ghearradh as páirceáil ná táille a iarraidh as trealamh a fháil ar cíos agus/nó oiliúint a fháil.

## 1.3 Cineálacha Conairí Rothaíochta Áineasa

**Baineann na critéir seo leis na cineálacha seo a leanas de chonairí rothaíochta áineasa[3]:**




**Glasbhealach:** An sainmhíniú straitéiseach[4] atá ann ná 'conair áineasa nó do choisithe le haghaidh turais gan inneall, an chonair forbartha ar bhealach comhtháite chun an comhshaol agus caighdeán na beatha sa cheantar máguaird a fheabhsú. Ba chóir do na bealaí seo caighdeáin shásúla a bhaint amach i dtaca le leithead, grádán agus riocht dromchla lena dheimhniú go mbeidh siad so-úsáidte ag úsáideoirí ar gach cumas agus le nach mbeidh ach leibhéal íseal riosca ann.' Go praiticiúil, ba cheart do ghlasbhealach a bheith scartha leis an trácht, a bheith leibhéalta, dromchla cothrom a bheith air agus úsáid chomhchoiteann a bheith i gceist leis.

**Conair Easbhóthair:** Tá dhá fhochatagóir eile mar chuid den chatagóir seo:

- **Rothaíocht Sléibhe** – conairí rothaíochta easbhóthair i dtimpeallacht foraoise de ghnáth ina bhfaightear meascán de chonairí easbhóthair atá deartha go speisialta don chúis le bóithre foraoise atá ann cheana féin. Beidh na critéir dírithe ar chonairí ar leibhéil éagsúla deacrachta idir éasca (glas) agus an-dian ar fad (dubh dúbailte).[5]
- **Saor ó Thrácht** – conairí atá saor ó thrácht[6] den chuid is mó atá éagsúil le glasbhealaí ó tharla go mbeadh cineálacha éagsúla dromchla iontu (bóithre foraoise, bóithre portaigh, cosáin tarraingthe, etc.) chomh maith le héagsúlacht sa leithead agus sna grádáin iontu. Féadfar úsáid chomhchoiteann in éineacht le húsáideoirí áineasa eile a bheith i gceist leis na conairí seo nó d'fhéadfaidís a bheith dírithe ar an rothaíocht.

**Ar an mBóthar:** Ar na bealaí[7] seo, baintear feidhm as bonneagar bóthair atá ann cheana féin gan aon athrú a dhéanamh más féidir. Bítear dírithe ar an mbealach a phleanáil agus an meascán cuí de mhéid tráchta agus luas tráchta ann le go mbeidh am pléisiúrtha fóillíochta ag rothaithe cumasacha (is iad sin na rothaithe a bhfuil taithí acu ar an rothaíocht ar bhóithre poiblí).

3 Aithníonn Spórt Éireann go mbíonn síorathrú ar na bealaí a mbíonn an pobal ag plé leis an saol amuigh faoin spéir. Déanfar athbhreithniú go rialta mar sin ar an liosta tosaigh seo de chineálacha conairí.
4 Straitéis chun Forbairt a dhéanamh amach anseo ar Ghlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha
5 Cé go bhfuil grádú eile ann atá chomh dúshlánach le Dubh (Dian) agus Dubh dúbailte (An-dian ar fad), tá socrú déanta ag Spórt Éireann nach bhfuil na cineálacha sin conaire fóirsteanach lena gcur san áireamh i gClár na gConairí Náisiúnta.
6 Is é is ciall leis an téarma 'saor ó thrácht' san fhoilseachán seo ná go bhfuil an chonair saor ó thrácht mótar.
7 Ós rud é go mbeifear ag rothaíocht ar bhóithre poiblí, úsáidtear an téarma bealaí seachas conairí.

## 1.4 Cén chúis atá le Clár Náisiúnta na gConairí agus critéir le haghaidh conairí a bheith ann?

Tá Clár Náisiúnta Conairí á choinneáil chun dáta ag Spórt Éireann ina dtugtar conairí a dhéanann critéir faoi leith a shásamh. Ar na conairí sin tá conairí siúil, marcaíochta, uisce agus rothaíochta (na critéir seo). Is iomaí feidhm a bhaineann le critéir chaighdeánaithe a aithnítear go náisiúnta, mar seo a leanas:

**Caighdeán Cáilíochta** – tugann siad pointe comparáide ardchaighdeáin agus sampla dea-chleachtais chun conairí a fhorbairt agus a bhainistiú.

**Muinín** – féadfaidh forbróirí conairí, maoinitheoirí féideartha agus an pobal deimhniú a fháil go bhfuil an chonair ar chaighdeán sásúil.

**Eolas** – cuirtear eolas cruinn beacht ar fáil faoi chonairí le go mbeidh an pobal in ann rogha a dhéanamh bunaithe ar an eolas maidir le hoiriúnacht na conaire i gcomparáid leis an gcumas, taithí agus trealamh atá acu.

**Cothromaíocht** – tugann sé seo deis do dhaoine sult a bhaint as an méid atá ar fáil taobh amuigh in Éirinn agus, san am céanna, an comhshaol a chosaint.

**Árachas** – is féidir le grúpaí bainistíochta conairí leas a bhaint as Polasaí Árachais na gConairí Náisiúnta[8].

**Poiblíocht** – féadfar an chonair a lua ar láithreán gréasáin Spórt Éireann d'imeachtaí Amuigh agus a chur ar Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis. Ina theannta sin ar fad, tá conairí ceadaithe níos éifeachtaí ó thaobh margaíochta de.

Féadfaidh Bainisteoirí Conaire ar spéis leo conair a chlárú iarratas a chur isteach chuig Spórt Éireann chun iniúchadh a shocrú le conair neamhspleách a chlárú, iniúchadh ina n-úsáidtear modheolaíocht chaighdeánaithe atá formheasta chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de chonair i gcomparáid leis na critéir sa cháipéis seo. Má tharlaíonn nach mbaintear amach cuid éigin de na critéir, déanfar an méid sin a aithint mar chuid den mheasúnú. Cuirfear conairí a dhéanann na critéir riachtanacha a chomhlíonadh le Clár Náisiúnta na gConairí agus ar shuíomh gréasáin Spórt Éireann don taobh amuigh. Caithfear measúnú a dhéanamh arís ó am go chéile agus an próiseas céanna a úsáid má tá conair le fanacht ar an gclár.

## 1.5 Na gnéithe is tábhachtaí le go mbeidh conair shásúil rothaíochta ann

Táthar tar éis na gnéithe tábhachtacha seo a leanas de chonair rothaíochta a shonrú mar chuid de tagarmharcáil idirnáisiúnta agus de phlé leis an earnáil áineasa amuigh in Éirinn[9]:




8 Agus an téacs seo á scríobh, baineann an polasaí árachais le conairí rothaíochta a thrasnaíonn talamh príobháideach ar bhonn rochtain cheadaithe. Mar chuid den pholasaí seo tugtar clúdach dliteanais phoiblí d'úinéirí talún príobháideacha agus áititheoirí a bhfuil cead tugtha acu conair/conairí a fhorbairt ar a réadmhaoin agus a bhfuil a réadmhaoin/talamh trasnaithe ag conair nó díreach in aice le ceann. Déantar conairí a mheas agus a chur leis an gclár cás ar chás.

9 Aithníonn Spórt Éireann go mbeidh neart forbróirí/bainisteoirí conaire freagrach as cineálacha go leor de chonairí áineasa agus, dá bharr, tá iarracht déanta leanúnachas áirithe a thabhairt isteach sa chur chuige agus critéir á bhforbairt do chonairí, is é sin conairí siúil, rothaíochta, marcaíochta agus uisce.



## GNÉITHE BUNÚSACHA

*Na gnéithe siúd atá i gceist ar gach cineál de chonair rothaíochta*

**Sábháilteacht** – táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, a mhonatóiriú agus a bhainistiú.

**Comhaontú Rochtana agus Pleanála** – tá socrú foirmiúil déanta maidir le bealach isteach leis na húinéirí talún (poiblí agus príobháideach) ar fad agus tá cead pleanála i bhfeidhm (nuair is gá).

**Inbhuanaitheacht Timpeallachta** – táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha/formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint.

**Bainistiú Conairí** – tá struchtúir, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach.

## GNÉITHE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHT FAOI LEITH

*Na gnéithe sin ar gá iad a mheas astu féin i ngach cineál conaire:*

**Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá dearadh na conaire oiriúnach don úsáideoir beartaithe agus cloíonn bonneagar na conaire le critéir áirithe.

**Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** - tá an cuairteoir in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire, agus an chonair a aimsiú agus a thriall go muiníneach.

**Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – tugann an chonair eispéireas dearfach do chuairteoirí chun na háite.

**Conair Rothaíochta Plus** – má dhéanann conair na gnéithe go léir a luaitear sna critéir a chomhlíonadh, dea-eispéireas áineasa taobh amuigh a bheidh ann. Ar an lámh eile, más mian le forbróirí conaire an chonair a chur san áireamh i bpunann níos leithne d'áiteanna turasóireachta, ba chóir iarracht a dhéanamh na critéir a bhaineann le 'Conair Rothaíochta Plus' a bhaint amach. Tá siad seo roghnach agus níl siad mar chuid den phróiseas measúnaithe do Chlár Náisiúnta na gConairí.



2

# Seicliosta na gCritéar

Tá an tábla seo á chur ar fáil mar sheicliosta chun cuidiú le forbróirí breathnú ar na critéir ina n-iomláine ón tús amach. **Tá sonraí a bhaineann le gach critéar le fáil sa cháipéis.** Tá tuilleadh eolais ar fáil i gcáipéis eile maidir leis an bpróiseas chun clárú le Clár Náisiúnta na gConairí agus chun iniúchadh a fháil ó Spórt Éireann.

**GNÉITHE BUNÚSACHA**

| **SÁBHÁILTEACHT**<br>*Táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, a mhonatóiriú agus a bhainistiú* | TÁ | NÍL |
|---|---|---|
| Tá measúnú riosca mionsonraithe déanta ag duine a bhfuil an saineolas riachtanach aige nó aici | | |
| Tá bearta maolaithe ann chun dul i ngleic le ceisteanna sábháilteachta | | |

| **COMHAONTÚ ROCHTANA**<br>*Tá socrú foirmiúil déanta maidir le bealach isteach leis na húinéirí talún (poiblí agus príobháideach) ar fad agus tá cead pleanála i bhfeidhm (nuair is gá)* | TÁ | NÍL | N/B |
|---|---|---|---|
| Tá comhaontú foirmiúil taifeadta i bhfeidhm leis na húinéirí talún ar fad lena mbaineann (poiblí agus príobháideach) | | | |
| Tá Cead Pleanála faighte (nuair is gá) | | | |

| **INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL**<br>Táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha/formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint | TÁ | NÍL | N/B |
|---|---|---|---|
| Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an **oidhreacht nádúrtha** agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin | | | |
| Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an **oidhreacht thógtha** agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin | | | |
| Tá bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha | | | |
| Tá Plean chun Bruscar a Bhainistiú i bhfeidhm | | | |
| Tá na prionsabail maidir le 'Gan Lorg a Fhágáil' curtha ar fáil mar chuid den eolas do chuairteoirí | | | |

| GNÉITHE BUNÚSACHA | | |
|---|---|---|
| **BAINISTIÚ CONAIRE**<br>*Tá struchtúr bainistíochta, agus pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach* | TÁ | NÍL |
| Ba chóir Eagraíocht Bainistíochta Conaire a bheith i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chothabháil ar bhealach éifeachtach. | | |
| Caithfear Plean Bainistíochta Conaire a bheith i bhfeidhm ina leagtar amach na cúraimí, nósanna imeachta agus freagrachtaí is tábhachtaí chun an chonair a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chothabháil. | | |
| Tá próiseas láidir ann chun gníomhartha bainistithe conaire a thaifeadadh agus a choinneáil | | |

| GNÉITHE DE CHONAIRÍ SONRACHA | | |
|---|---|---|
| **GLASBHEALAÍ** | TÁ | NÍL |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – Cloíonn an glasbhealach leis na critéir íosta atá leagtha amach sna caighdeáin náisiúnta is infheidhme | | |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá na prionsabail a bhaineann le bheith saor ó thrácht á gcomhlíonadh ar an mbealach glas | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – cloíonn an chomharthaíocht ar na glasbhealaí leis na critéir íosta atá leagtha amach i gCaighdeáin Bhonneagar Iompair Éireann agus sna Treoirlínte maidir le Dearadh agus Brandáil Glasbhealaí | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – tá eolas ar fáil mar chuid den ghlasbhealach a thugann blaiseadh do chuairteoirí de na pobail atá bainteach leis agus tá cuntas ann ar scéalta na ndaoine agus na háite a mbeidh siad ann | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – Tá cur chuige láidir i gceist leis an mbealach glas chun éagsúlacht gníomhaíochtaí a tharraingt le chéile | | |
| **CONAIR EASBHÓTHAIR - SAOR Ó THRÁCHT** | TÁ | NÍL |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá na prionsabail a bhaineann le bheith saor ó thrácht á gcomhlíonadh ar an gconair | | |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá an grádú mar chonair atá saor ó thrácht bunaithe ar mheasúnú cruinn | | |
| **Dearadh Conairí agus Bonneagar** – Táthar ag cloí leis na caighdeáin náisiúnta is infheidhme má bhíonn aon chomhtháthú ann le bonneagar bóthair | | |
| **Dearadh Conaire agus Bonneagar** – Tá neart spásanna sa charrchlós ag tús na conaire | | |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – Tá leithreas ar fáil cóngarach do thús na conaire | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Phlus amháin)** – Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus/nó ó na conairí féin | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – Is féidir rothar a fháil ar cíos | | |

| ROTHAÍOCHT SLÉIBHE EASBHÓTHAIR | TÁ | NÍL |
|---|---|---|
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá an grádú mar chonair rothaíochta sléibhe bunaithe ar mheasúnú cruinn | | |
| **Dearadh Conaire agus Bonneagar** – Tá neart spásanna sa charrchlós ag tús na conaire | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – táthar tar éis cloí go sásúil leis na treoirlínte maidir le comharthaíocht do chonairí rothaíochta sléibhe | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – Tá leithreas ar fáil cóngarach do thús na conaire | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Phlus amháin)** – Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus/nó ó na conairí féin | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – Is féidir rothar a fháil ar cíos | | |
| **AR AN MBÓTHAR?** | **Is é** | **Ní hé** |
| **Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá an grádú mar chonair ar an mbóthar bunaithe ar mheasúnú cruinn | | |
| **Dearadh Conaire agus Bonneagar** – Tá neart spásanna sa charrchlós ag tús na conaire | | |
| **Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht** – Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)** – Tá leithreas ar fáil cóngarach do thús na conaire | | |
| **Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Phlus amháin)** – Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus/nó ó na conairí féin | | |



# 3 Gnéithe Bunúsacha

**Tugtar cuntas sa chuid seo ar na Gnéithe Bunúsacha, i.e. na gnéithe a bhaineann le gach cineál de chonair rothaíochta.**

## 3.1 Sábháilteacht

**Sábháilteacht – táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, a mhonatóiriú agus a bhainistiú**

Tá sábháilteacht daoine a úsáideann Conairí Rothaíochta iontach tábhachtach. Mar sin, caithfear tabhairt go daingean faoi riosca a aithint agus a mheasúnú. Tá sé riachtanach bearta maolaithe a chur i bhfeidhm atá fóirsteanach do chumas agus taithí an úsáideora deiridh agus don timpeallacht. Níor chóir aon 'iontas rúnda' a bheith ann in am ar bith a bheadh mar chúis le dochar nó gortú.

Sa chuid seo tugtar an cur chuige i leith measúnú riosca agus tá codanna faoi leith ann a bhaineann le gach Cineál de Chonair Rothaíochta. Tá an cur chuige i leith sábháilteacht cuairteoirí á threorú ag na prionsabail agus an cleachtas atá leagtha amach ag an nGrúpa Sábháilteachta Cuairteoirí (VSG)[10].

### 3.1.1 Measúnú Sábháilteachta / Riosca - Comhthéacs

#### *3.1.1.1 Cothromaíocht idir Riosca agus Tairbhe*

Luaitear an méid seo sa VSG: ***'Is éard atá sa bhainistíocht sábháilteachta cuairteoirí cothromaíocht a bhaint amach idir tairbhe agus rioscaí chun tairbhe a bhaint amach don tsochaí agus don duine féin. Ní bhaineann sé le sochaí a fhorbairt atá iomlán saor ó riosca ná le deireadh a chur le gníomhaíochtaí áineasa agus foghlama i gcásanna a bhfuil rioscaí measta agus go nglactar leo.'***

Má leantar na prionsabail atá ag VSG, ba chóir go mbeifí in ann na nithe seo a dhéanamh:

- rialuithe riosca a úsáid chun leibhéil inghlactha sábháilteachta a bhaint amach ionas nach ndéanfar damáiste don timpeallacht agus nach laghdófar an luach don tsochaí a bhaineann leis an gcósta agus an tuath;
- úsáid phléisiúrtha as áiseanna a chur chun cinn;
- ár gcuid oibleagáidí morálta agus dlíthiúla a chomhlíonadh;
- socruithe rialaithe rioscaí a úsáid a bheidh ag teacht le ceanglais reachtúla;
- bainistíocht sábháilteachta cuairteoirí a bhaint amach a bheidh costéifeachtach;
- costais a laghdú, costais ó éilimh ina measc.

10 Líonra sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn atá sa VSG. Is é is aidhm don líonra foirgnimh stairiúla agus tírdhreacha a chosaint chomh maith le fáil an phobail orthu a spreagadh, fad is go mbeidh leibhéil riosca ann ar féidir leis an tsochaí glacadh leo.

### *3.1.1.2 An tábhacht a bhaineann le sábháilteacht cuairteoirí a bhainistiú*

Tugann an VSG cuntas ar na cúiseanna[11] a bhfuil sábháilteacht cuairteoirí tábhachtach agus táthar tar éis na cúiseanna sin a mheas i gcomhthéacs Conairí Rothaíochta:

**Cúiseanna morálta**- Sa chéad dul síos, táimid ag iarraidh go mbeidh ár gcuairteoirí in ann imeacht abhaile go sábháilte, iad sona sásta leis an am atá caite acu ar na conairí. Tá oibleagáid mhorálta orainn a gcuid sábháilteachta a mheas agus iad a chosaint ar riosca míréasúnta nó riosca nach mbeadh riachtanach. Caithfimid a dheimhniú fosta nach mbeidh siad ag mothú go bhfuil barraíocht cosanta ann. Caithfimid a chur san áireamh go bhfuil sé de cheart acu glacadh leis na rioscaí a bhaineann leis na buntáistí atá uathu.

**Cúiseanna dlíthiúla** - Tá oibleagáidí dlíthiúla orainn sábháilteacht ár gcuairteoirí a dheimhniú ós rud é go bhfuil tionchar ag an obair a dhéanaimid orthusan. Féach Dliteanas Áititheoirí (Aguisín A).

**Cúrsaí Airgeadais** - má tharlaíonn timpiste do dhuine, is minic go mbeidh an duine sin ag iarraidh an locht a chur ar an té atá freagrach agus cúiteamh a éileamh. Is mian linn a bheith in ann cosaint a thabhairt in éadan éilimh mhíréasúnta. Is minic go mbítear ag iarraidh go ndéanfar rud éigin i ndiaidh timpiste. Caithfimid a bheith in ann an fód a sheasamh i gcoinne bearta sábháilteachta míréasúnta nó iomarcacha a thabhairt isteach. B'fhearr sin ná fasaigh gan fáilte a fhorbairt agus costais gan chúis a tharraingt orainn féin.

**Clú agus Údarás** - Ní féidir timpeallacht atá go hiomlán saor ó riosca a bhaint amach, agus ní bheifí ag iarraidh a leithéid ach oiread. Mar sin féin, caithfimid a bheith ábalta a léiriú don phobal, do rialtóirí agus don rialtas go bhfuil gach rud déanta againn de réir mar atá praiticiúil agus réasúnta chun rioscaí a bhainistiú go leibhéil inghlactha. I gcás go mbeadh mórthionóisc ann, bheimis i staid i bhfad ní b'fhearr muinín daoine a fháil ar ais.

**Cuairteoirí a mhealladh ar ais** - is mian linn cuairteoirí ar an saol amuigh a mhealladh, a shásamh agus, mar sin, a choinneáil. Tá seans ann go mbeidh cúiseanna difriúla againn le Conair Rothaíochta a fhorbairt, mar shampla saol níos sláintiúla, saol sóisialta agus forbairt eacnamaíoch. Mar sin féin, is tábhachtach i ngach cás timpeallacht a fhorbairt atá sábháilte go leor chun cuairteoirí a mhealladh.

**Eolas do Chuairteoirí** - Ní mór dúinn a bheith cinnte go dtugann ár n-eolas do chuairteoirí (agus ábhar poiblíochta, más cuí) léargas cothrom ar riosca.



11 https://www.visitorsafety.group/principles/

### *3.1.1.3 Treoirphrionsabail an VSG*

Leagtar béim i dTreoirphrionsabail an VSG ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú, rochtain agus pléisiúr pearsanta faoin tuath agus an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir sábháilteacht agus na cuspóirí níos ginearálta sin. Chomh maith leis sin, tá na prionsabail mar bhonn faoin gcothromaíocht idir freagracht phearsanta an chuairteora agus freagracht an úinéara talún nó an bhainisteora.

| BUNPHRION-SABAIL | FEASACHT | COMHAR | FREAGRACHT | RIALÚ RIOSCAÍ |
|---|---|---|---|---|
| • Cuspóirí caomhnaithe, oidhreachta, áineasa, cultúrtha agus tírdhreacha a chur san áireamh.<br><br>• Gan saoirse agus fonn eachtraíochta daoine a bhaint díobh.<br><br>• Srianta rochtana a sheachaint. | • Cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na rioscaí rompu.<br><br>• Cuairteoirí a chur ar an eolas faoi chineál agus réimse na nguaiseacha, faoi na bearta rialaithe rioscaí atá i bhfeidhm agus na beartais chosanta atá le glacadh acu. | • Caithfear a aithint go nglacann daoine atá páirteach i ngníomhaíochtaí cosúla le leibhéil éagsúla riosca.<br><br>• Caithfear a aithint go bhféadfadh bearta rialaithe rioscaí a bhaineann le grúpa amháin cuairteoirí rioscaí a chruthú do ghrúpaí eile.<br><br>• Obair a dhéanamh le grúpaí cuairteoirí chun tuiscint a chothú agus coimhlint a shocrú. | • Tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas cuairteoirí agus ionchur ón mbainistíocht.<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis go ndéanfaidh tuismitheoirí, caomhnóirí agus ceannairí maoirseacht ar na daoine atá faoin gcúram.<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis go mbeidh cuairteoirí freagrach astu féin.<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis nach gcuirfidh cuairteoirí daoine eile i mbaol. | • Rioscaí a mheasúnú agus pleananna sábháilteachta a fhorbairt do gach láithreán.<br><br>• Ba cheart go mbeadh leanúnachas ann i gcás bearta rialaithe rioscaí.<br><br>• Agus bearta rialaithe rioscaí á bhforbairt, ba cheart na buntáistí ginearálta don tsochaí a chur san áireamh.<br><br>• Monatóireacht a dhéanamh ar iompar agus taithí cuairteoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna sábháilteachta cuairteoirí.<br><br>• Ba cheart a chinntiú nach ndéanfadh do chuig gníomhaíochtaí oibre daoine a chur i mbaol. |

### *3.1.1.4 Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí)*

Tugtar i Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Aguisín B) treoir úsáideach chun cinntí a dhéanamh le cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas cuairteoirí agus ionchur ón mbainistíocht. Tá sé sin go speisialta tábhachtach nuair atáthar ag féachaint ar chineálacha difriúla cur chuige i leith bainistíocht riosca agus Conairí Rothaíochta á bhforbairt in áiteanna atá níos deacra.

An bunphrionsabal ginearálta atá ann ná, de réir mar a éiríonn an áit níos iargúlta agus an tír-raon níos gairbhe, ba chóir go mbeadh leibhéal scil agus féinmhuiníne níos forbartha ag cuairteoirí chun tabhairt faoina leithéid. Tá sé réasúnta le bheith ag súil le go mbeidh eolas agus feasacht níos fearr ag cuairteoirí ar rioscaí agus freagracht phearsanta níos mó a ghlacadh as a gcuid sábháilteachta féin. San am céanna, thiocfadh laghdú ar an leibhéal bainistíochta a theastódh agus tugtar líon níos lú de bhearta sábháilteachta infreastruchtúir.

De réir mar a thiocfaidh forbairt níos mó ar an áit agus ar an tír-raon, go ginearálta beidh líon níos airde cuairteoirí ann agus bheadh níos mó bainistíochta le déanamh. Ní bhíonn an nasc idir an dá rud sin chomh simplí sin i dtólamh.



Luaitear chomh maith leis an gcur chuige seo gur réasúnta a bheith ag dúil leis an méid seo:

- go ndéanfaidh tuismitheoirí, caomhnóirí agus ceannairí maoirseacht ar na daoine atá faoin gcúram cé go dtuigtear go bhfuil seans ann go mbeidh eolas le tabhairt dóibh i dtaca le rioscaí gan choinne nó rioscaí doiléire;
- go mbeidh cuairteoirí freagrach astu féin;
- nach gcuirfidh cuairteoirí daoine eile i mbaol.

**Criosanna** – Tá seans ann go mbeidh difear sa leibhéal bainistíochta taobh istigh de chonair rothaíochta amháin nó de ghréasán conairí rothaíochta. Déantar an méid sin a chíoradh níos mó sa chur chuige le gach cineál conaire a ghrádú. Mar shampla, le linn don chuairteoir a bheith ag taisteal ar chonair rothaíochta, seans go dtiocfaidh athrú ar an déine, cuir i gcás ó chonair rothaíochta sléibhe do thosaitheoirí go conair rothaíochta sléibhe ar mheánleibhéal. Ba chóir an cuairteoir a chur ar an eolas faoin riosca seo roimh ré, ach seans go ndéanfaidh an lucht bainistíochta cinneadh criosanna a dhéanamh den chonair ionas gur féidir leis an lucht bainistíochta aird a dhíriú ar na nithe is tábhachtaí.

**Teorainneacha** - múnla simplithe chun smaointeoireacht a spreagadh atá i Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG. Ní chlúdaítear gach cás ann. Mar shampla, tá an drochaimsir in ann níos mó guaiseacha a thabhairt chuig tír-raon ar bith.

### 3.1.2 Measúnú Sábháilteachta / Riosca - Feidhmiú

**Tá duine a bhfuil an saineolas cuí aige i ndiaidh measúnú riosca mionsonraithe a dhéanamh.**

Má táthar chun aon Chonair Rothaíochta a fhorbairt agus a bheachtú, ní mór measúnú riosca eolas a chur ar fáil ina leith. Má mheastar nach féidir glacadh leis an riosca a aithnítear i gcás an úsáideora atá beartaithe don chonair, tá seans ann gur gá bealach eile a lorg. Tá sé millteanach tábhachtach gur duine a bhfuil an saineolas aige a dhéanfaidh an measúnú riosca, i.e. duine atá in ann a léiriú go bhfuil taithí aige an tasc a dhéanamh roimhe agus tuiscint mhaith aige ar an gcineál conaire, mar shampla rothaíocht sléibhe.

Moltar an cur chuige cúig chéim seo a leanas a ghlacadh:

1. **Sainaithin** na guaiseacha
2. **Smaoinigh** ar cé a bhféadfaí dochar a dhéanamh dó/di agus cén chaoi
3. **Déan** na rioscaí a mheas agus déan cinneadh an bhfuil na bearta rialaithe riosca reatha sásúil nó ar chóir níos mó a dhéanamh
4. **Taifead** do chinntí agus cuir i bhfeidhm iad
5. **Déan** athbhreithniú ar do mheasúnú agus tabhair suas chun dátá é más gá

**Guais** - aon rud ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. Na cinn seo ina measc:

- Contúirt bhunúsach, i.e. contúirt atá ann mar gheall ar ghné bhuan, mar shampla fána ghéar, trasnú bóthair.
- Guais a d'fhéadfadh a bheith ann, i.e. guais neamhbhuan, mar shampla mar gheall ar fhearthainn throm, oibreacha innealtóireachta.
- Baol Bonneagair, is é sin baol a bheadh ann de bharr píosa bonneagair atá lochtach nó a bhfuil na dálaí ag dul i bhfeidhm air, mar shampla clárchosán briste ar chonair rothaíochta sléibhe nó sclaig ar ghlasbhealach.

**Riosca** - is é is riosca ann an dóchúlacht, bíodh sé mór nó beag, go ndéanfaidh an ghuais dochar do dhuine, déine an dochair sin agus an líon daoine a ghortófaí.

**Bearta Rialaithe Rioscaí** - seo bearta a dhéantar roimh ré le go mbeidh seans níos lú ann go mbeidh eachtra ann agus/nó nach mbeidh cúrsaí chomh dona céanna. Tá teimpléad samplach don mheasúnú riosca ar fáil in Aguisín C.

## Tá bearta maolaithe ann chun dul i ngleic le ceisteanna sábháilteachta

Má bhítear ag iarraidh go mbeidh Conair Rothaíochta áirithe mar chuid de Chlár Náisiúnta na gConairí, ní mór na bearta maolaithe riachtanacha a bheith i bhfeidhm chun dul i ngleic le ceisteanna sábháilteachta. Chomh maith leis sin, caithfear amlíne shonraithe a sholáthar maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca.



## 3.2 Comhaontú Rochtana agus Pleanála

**Socrú Rochtana – tá socrú foirmiúil déanta maidir le bealach isteach leis na húinéirí talún (poiblí agus príobháideach) ar fad agus tá cead pleanála i bhfeidhm (nuair is gá)**

Má tá conair le bheith inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar conair áineasa a fhorbairt bunaithe ar chomhairliúchán, comhaontú agus cead foirmiúil ó gach úinéir talún ábhartha (poiblí agus príobháideach) agus go bhfuil cead pleanála ann (más gá).

### 3.2.1 Comhaontú / Cead

**Tá comhaontú foirmiúil taifeadta i bhfeidhm leis na húinéirí talún ar fad lena mbaineann (poiblí agus príobháideach)**

Ba chóir go mbeadh comhaontú foirmiúil doiciméadaithe ar bun le húinéirí na talún a theastaíonn le haghaidh na nithe seo:

- forbairt na conaire;
- bonneagar tacaíochta cuir i gcás carrchlóis a fhorbairt;
- comharthaíocht bhreise / eolas do chuairteoirí a shuiteáil;
- úsáid bóithre rochtana / pointí isteach (nach cuid de na conairí rothaíochta iad) chun rochtain a thabhairt ar chúiseanna cothabhála.

***Is féidir iad seo a chur ina dhá gcatagóir faoi leith:***
**Úinéirí Talún Poiblí** – féadfaidh talamh de chuid an Stáit a bheith faoin úinéireacht comhlachtaí nó á bhainistiú acu, comhlachtaí mar údaráis áitiúla, Coillte, Bord na Móna, an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí, Uiscebhealaí Éireann, Bord Soláthair an Leictreachais, Iascach Intíre Éireann, etc. Beidh a phróiseas féin ag gach comhlacht maidir le hiarratais forbartha agus comhaontuithe.

**Úinéirí Talún Príobháideacha** is é is talamh príobháideach ann talamh atá faoi úinéireacht daoine nó cuideachtaí príobháideacha. Tá talamh faoi chomhúinéireacht agus talamh i gcimíneacht á gcuimsiú ag talamh príobháideach, sin talamh ina bhfuil scaireanna ag níos mó ná duine amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh cearta éagsúla ag baint le talamh i gcimíneacht, lena n-áirítear cearta féaraigh, cearta móna agus cearta iascaireachta agus is minic nach mbeidh an ruíleas ag sealbhóirí cirt. Níl aon cheart dlíthiúil rochtana ann i gcás talamh príobháideach.

***Tá dhá mhodh mhóra ann chun rochtain a chomhaontú le húinéirí talún príobháideacha:***

**Rochtain Cheadaitheach – seo cuid de na príomhphointí:**

- tugann an t-úinéir talún cead le gur féidir an chonair a chur trína réadmhaoin;
- ní hionann rochtain cheadaitheach agus ceart slí;
- conair atá ann ar féidir leis an bpobal í a úsáid faoi chead an úinéara talún agus ní ceadmhach d'úsáideoirí damáiste a dhéanamh do leas an úinéara talún;
- coinníonn an t-úinéir talún an ceart cead rochtana a tharraingt siar más mian leis é, faoi réir fógra réasúnach a thabhairt;
- is ar fhorbróir/bainisteoir na conaire a bheadh na freagrachtaí as cothabháil, dliteanas agus poiblí leanúnach na conaire rothaíochta;
- b'fhéidir, mar chuid den chomhaontú, go dtabharfaí conradh don úinéir talún chun tabhairt faoi chothabháil leanúnach na conaire.

Aithnítear go forleathan go bhfuil ag éirí go maith leis an múnla ceadaitheach rochtana go dtí seo. Mar sin féin, in amanna bíonn éiginnteacht ann d'úinéirí talún agus úsáideoirí agus b'fhéidir go dtiocfadh fadhbanna chun cinn, go háirithe i gcás glasbhealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Tá an-infheistíocht déanta le bonneagar a fhorbairt.

Ba cheart gan aon débhrí a bheith le comhaontuithe ceadaitheacha agus bíonn na nithe seo iontu go hiondúil:

- fad a mhairfidh an comhaontú gus aon sceideal lena athbhreithniú;
- stádas dlíthiúil, mar shampla meabhrán tuisceana, comhaontú ceadaitheach, ceadúnas, léas, etc.;
- léarscáil den rian agus punann talún an úinéara talún;
- cur síos cruinn/líníocht d'oibreacha caipitiúla (más gá);
- cuspóir úsáide, mar shampla pointe rochtana chuig conair rothaíochta i gcomhair rothair gan aon mhótar;
- cé a mbeidh cead acu an chonair a úsáid;
- eisiaimh – mar shampla tréimhsí nuair nach féidir an chonair a úsáid, mar gheall ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta – bearradh fáil, sadhlas, etc.;
- freagrachtaí gach páirtí.

**Ceannach Talún** - Baineann an modh seo le glasbhealaí go hiondúil toisc go mbíonn ardluach straitéiseach ag baint leo. Mar sin, tá na roghanna agus an próiseas i dtaca le fáil talún leagtha amach sa doiciméad Cód Dea-Chleachtais le haghaidh Glasbhealaí.

### 3.2.2 Nóta Comhairleach - Comhairliúchán

Ba chóir dul i gcomhairle le húinéirí talún - poiblí agus príobháideach - ó thús an tionscadail. Moltar é sin a dhéanamh sula ndéantar aon chumarsáid leis an bpobal go ginearálta. Mura ndéantar é sin, tá seans ann go ndéanfar damáiste don chaidreamh oibre amach anseo.

### 3.2.2 Cead Pleanála

**Tá cead pleanála faighte (nuair is gá)**

An chúis atá le pleanáil ná lena chinntiú go ndéantar an fhorbraíocht cheart san áit cheart ag an am ceart, rud a théann chun sochair do phobail agus don gheilleagar. Tá an phleanáil an-tábhachtach chun an fhorbairt a theastaíonn a dhéanamh amach chomh maith leis an áit ina dteastaíonn an fhorbairt sin. Cuidiú atá ann le socrú a dhéanamh faoi na háiteanna is gá a chosaint nó a fheabhsú agus déantar measúnú mar chuid den phleanáil ar oiriúnacht na forbartha beartaithe.

Go ginearálta, beidh cead pleanála riachtanach má bhítear chun forbairt a dhéanamh ar aon talamh nó réadmhaoin ach amháin má bhíonn díolúine ann go sonrach i gcás na forbraíochta. Is éard atá i gceist le hobair forbartha aon obair a dhéanamh (tógáil, scartáil, athrú) ar thalamh nó ar fhoirgnimh, i dtalamh nó i bhfoirgnimh, thar talamh nó thar fhoirgnimh, nó faoi thalamh nó faoi fhoirgnimh, agus athrú ábhartha (suntasach) a dhéanamh ar úsáid talún nó foirgneamh. Mura bhfaightear cead pleanála agus é riachtanach, d'fhéadfadh pionóis a bheith ann (fíneálacha suntasacha agus/nó príosúnacht). Beidh an t-údarás pleanála áitiúil ábalta comhairle a chur ort ina leith seo.[12]

Agus conair á pleanáil, moltar go láidir dul i gcomhairle leis an údarás pleanála ábhartha maidir le haon fhorbairt bheartaithe a bhaineann leis an talamh. Féadfaidh an t-údarás pleanála comhairle a thabhairt maidir leis an iarratas beartaithe. Bíonn deis le fáil i gcomhairliúcháin roimh an iarratas cuidiú le dreamanna iarratas a dhéanamh a mbeidh rath air ós rud é go dtugtar seans don údarás áitiúil míniú a thabhairt ar an gcineál forbartha is cosúla a nglacfar léi de réir na forbraíochta nó de réir an phlean áitiúil.

Tá treoir bhreise ar fáil ó Oifig an Rialálaí Pleanála.

12 Oifig an Rialálaí Pleanála



## 3.3 Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

**Inbhuanaitheacht Timpeallachta – táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha / formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint**

Dóigh iontach is ea Conairí Rothaíochta chun caidreamh agus bá a chothú le háiseanna atá mar chuid den oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht thógtha. Tá sé riachtanach mar sin, ar a laghad, go ndéanfaidh lucht forbartha agus bainistíochta na Conaire Rothaíochta an-drochthionchar ar an timpeallacht a sheachaint agus an chonair á forbairt agus á húsáid. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Chonair Rothaíochta cur leis an timpeallacht nó an timpeallacht a fheabhsú, mar shampla trí an oideachas agus rochtain chuí.

### 3.3.1 Oidhreacht Nádúrtha

» **Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht nádúrtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin**

Ba chóir an tionchar ar na nithe seo a mheas:

**Ainmniú Idirnáisiúnta** – Ramsar (Is é atá i gceist le Coinbhinsiún Ramsar maidir le Bogaigh ná an conradh idir-rialtasach a thugann an creat chun bogaigh agus na hacmhainní a bhaineann leo a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach ciallmhar).

**Ainmniúcháin Natura 2000 AE** – Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Speisialta faoi Chosaint.

**Ainmniúcháin Náisiúnta** – Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Anaclanna Dúlra agus Páirceanna Náisiúnta.

**Cosaintí Eile** – Chomh maith leis na hainmniúcháin thuasluaite, tá réimse de ghnáthóga / speicis eile ar ardluach caomhantais ar gá iad a chur san áireamh.

Tá treoir bhreise maidir leis an bpróiseas agus an leibhéal de mheasúnacht timpeallachta a bheidh ag teastáil le fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

I gcás ar bith a bhfuil oibreacha forbartha conaire beartaithe cois abhann, locha nó sruthchúrsa, nó gar do cheann acu, ba cheart dul i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann (IFI). Tá Doiciméad Treorach forbartha ag Iascach Intíre Éireann a ghabhann le próiseas na heagraíochta sin don Mheasúnacht Timpeallachta, doiciméad ina gcuirtear síos ar an bpróiseas agus ar na nósanna atá i bhfeidhm san eagraíocht ionas gur féidir oibreacha forbartha agus caomhnaithe a dhéanamh in uiscí intíre agus cósta na hÉireann.

Tugann Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil treoir maidir le dea-chaighdeán nó ardchaighdeán uisce a bhaint amach inár n-aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha agus uiscí cósta, agus screamhuisce, de réir mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce ón Aontas Eorpach.

### 3.3.2 Oidhreacht Thógtha

**Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht thógtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin**

Ba chóir an tionchar orthu seo a leanas a mheas:

- **Séadchomharthaí** atá á gcosaint ar na bealaí seo a leanas:
  - Ar taifead i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna
  - Ar taifead i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla
  - Séadchomhartha náisiúnta atá faoi réir ordú buanchoimeádta (nó ordú buan-choimeádta sealadach).
  - Séadchomhartha náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó Údarás Áitiúil.
  - Tá treoir ar fáil ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
- **Láithreáin seandálaíochta** atá ainmnithe i mBunachar Sonraí Láithreán agus Séadchomharthaí Shuirbhé Seandálaíochta na hÉireann
- **Struchtúir Chosanta –** tá siad seo ainmnithe i ngach limistéar údaráis áitiúil i gClár na Struchtúr Cosanta

### 3.3.3 Bithshlándáil agus Speiceas Coimhthíoch Ionrach

**Tá bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha**

Tá eolas le fáil ar invasives.ie ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag speiceas ionrach ar speiceas dúchasach. Tá siad in ann gnáthóga a athrú ó bhonn agus bagairt a dhéanamh ar éiceachórais ina n-iomláine, a chruthaíonn fadhbanna tromchúiseacha don chomhshaol agus don gheilleagar.

Tá sé riachtanach go mbeidh bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm i gConairí Rothaíochta chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha. Tá plean bithshlándála riachtanach mar sin sa chuid is mó de chásanna[13] agus ba chóir é a chur isteach mar chuid de Phlean Bainistíochta Conaire (féach Cuid 3.4.2).

Ba cheart a aithint go mbíonn an cuairteoir tipiciúil ar chonair rothaíochta ag taisteal chuig áiteanna éagsúla. Mar shampla, seans go rachaidh rothaí sléibhe chuig níos mó ná conair/ionad conaire amháin i gcaitheamh cúpla lá/seachtain.

An bunphrionsabal atá ann ó thaobh na bithshlándála de ná gur fearr cosc ná leigheas. Mar sin, tá an fheasacht, an t-oideachas agus an oiliúint ríthábhachtach chun pleanáil a dhéanamh go sásúil don bhithshlándáil. Tá sampla dea-chleachtais le fáil sa tionscnamh Ceanadach Pemberton Off-Road Cycling – Play, Clean, Go.

13 Tá riosca an-íseal ann ar chonairí rothaíochta bóthair go ndéanfar speiceas coimhthíoch agus pataiginí díobhálacha a leathadh. Mar sin, ní gá a leithéid a mheas ar chonair den chineál seo.

### 3.3.5 Bruscar / Dramhaíl

**Tá plean chun bruscar a bhainistiú i bhfeidhm**

Má bhíonn bruscar agus dramhaíl (salachar madraí) ina luí ag pointí rochtana agus feadh conaire, ní bheidh am chomh taitneamhach céanna ag úsáideoirí. Cuireann a leithéid isteach go mór ar an timpeallacht. Ba cheart an bealach a choinneáil glan ó bhruscar, gloine bhriste agus diúscairt mhídhleathach.

Caithfear plean monatóireachta agus tógála bruscair a chur san áireamh i bPlean Bainistíochta na Conaire. Tá seans ann go mbeidh sceideal níos minice ag teastáil má bhíonn fadhb ann le bruscar nó le linn tréimhsí a mbeidh leibhéal úsáide níos airde ann.

### 3.3.6 Oideachas / Feasacht faoin gComhshaol

**Tá na prionsabail maidir le 'Gan Lorg a Fhágáil' curtha ar fáil mar chuid den eolas do chuairteoirí**

Ba chóir do lucht forbartha Conairí Rothaíochta na prionsabail maidir le 'Gan Lorg a Fhágáil' a chur ar fáil ar chláir eolais ar a laghad. Mar sin féin, moltar seisiúin feasachta maidir le Gan Lorg a Fhágáil a thairiscint do phríomhpháirtithe leasmhara.



## 3.4 Bainistiú Conaire

**Bainistíocht na Conaire – tá struchtúr bainistíochta, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach**

Má tá Conair Rothaíochta chun cloí leis an gcaighdeán ard a baineadh amach tráth a seolta, tá sé riachtanach struchtúr/eagrúchán éifeachtach bainistíochta conaire a chur i bhfeidhm chun plean sonraithe bainistíochta a sholáthar chun an chonair a mhonatóiriú agus a chothabháil. Anuas air sin, beidh a leithéid ina bhuntáiste chun léiriú a thabhairt do bhróicéirí árachais ar chur chuige láidir i leith cuairteoirí a bhainistiú.

### 3.4.1 Eagraíocht Bainistithe Conaire

**Ba chóir Eagraíocht Bainistíochta Conaire a bheith i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chothabháil ar bhealach éifeachtach**

Ba chóir go mbeadh eagraíocht bainistíochta na conaire ar scála a bheadh ag teacht le riachtanais na Conaire Rothaíochta. Sa chuid is mó de chásanna, cuirfear eagraíocht bainistithe na conaire le chéile le linn chéim na forbartha. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeidh an eagraíocht sin ábalta tarraingt ar an saineolas cuí le linn an dá chéim.

Tá seans ann go ndéanfar eagraíocht na bainistíochta a chomhchuimsiú in eagraíocht eile atá ann cheana féin nó, mar gheall ar an dóigh a mbíonn Conairí Rothaíochta suite, tá seans ann go mbeidh meascán eagraíochtaí ann chun an chonair a bhainistiú. I gcás mar sin, ba chóir comhpháirtíocht a chur ar bhonn foirmiúil trí bhíthin sásra ar nós comhaontú comhpháirtíochta nó meabhrán tuisceana. Ní foláir príomhtheagmhálaí a bheith ann i gcás gach conair rothaíochta. Ar mhaithe le go mbeidh bainistíocht inbhuanaithe ann go leanúnach, moltar comhlacht poiblí a fháil leis seo a dhéanamh[14], ach níl sé sin riachtanach.

### 3.4.2 Plean Bainistithe Conaire

**Caithfear Plean Bainistíochta Conaire a bheith i bhfeidhm ina leagtar amach na cúraimí, nósanna imeachta agus freagrachtaí is tábhachtaí chun an chonair a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chothabháil**

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid de Phlean Bainistíochta Conaire (ach is féidir nithe eile a chur isteach chomh maith):

- Róil agus Freagrachtaí in eagraíocht bainistíochta na conaire.
- Léarscáil den chonair agus fardal den bhonneagar, comharthaíocht, marcanna slí, áiritheoirí, etc.
- Measúnú Riosca – féach Sábháilteacht – cuid 3.1.
- Cigireacht
  - An Sceideal Cigireachta – gnáthchigireacht, cigireacht oibríochta agus cigireacht bhreise (mar shampla, má bhíonn drochaimsir, teagmhas tuairiscithe nó timpiste ann).
  - Teimpléid Chigireachta – sainaithint guaiseacha, rátáil riosca agus tosaíochtaí gníomhaíochta ina measc.
  - Próiseas chun Lochtanna Randamacha a Thuairisciú (páirtí leasmhar nó duine den phobal).
- Cothabháil – teimpléad chun taifead a choinneáil d'aon chothabháil a dhéantar.
- Tuairisciú ar Theagmhas agus ar Thionóisc ag páirtithe leasmhara nó daoine den phobal.
- Cumarsáid – an próiseas chun malairt slí, dúnadh, teagmhas eisceachtúil, etc. a chur in iúl.
- Plean Seirbhísí Éigeandála.

14 Is é is comhlacht poiblí ann ná eagraíocht atá bunaithe ar bhonn foirmiúil atá, i bpáirt ar a laghad, á mhaoiniú ó chistí poiblí le seirbhís phoiblí nó rialtais a chur ar fáil. Baineann an téarma le réimse leathan eintiteas san earnáil phoiblí.

- Plean Bithshlándála (más cuí) – agus achoimre ann ar bhearta réamhghníomhacha chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha
- Próiseas athbhreithnithe agus rialtacht

Aithnítear go mbeidh socruithe i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla cheana féin chun cúram a dhéanamh den ghréasán bóithre poiblí, mar shampla socruithe cothabhála, freagairt éigeandála agus córais aiseolais phoiblí. Tá seans ann go mbeidh tagairt dóibh sin i bPlean Bainistíochta na Conaire Rothaíochta.

Nithe eile – mar shampla:
- Plean Margaíochta
- Plean chun Teagmhais a Bhainistiú

### 3.4.3 Coimeád Taifead

**Tá próiseas láidir ann chun gníomhartha bainistithe conaire a thaifeadadh agus a choinneáil**

An dea-chleachtas atá ann ná gach taifead a bhaineann le conair a choinneáil. Bheadh a leithéid fíorthábhachtach dá ndéanfaí éileamh i gcás gortú ar chonair. Mar chuid de Scéim Árachais na gConairí Náisiúnta, tá coinníoll ann go mbeidh an méid seo a leanas i bhfeidhm i gconair le go mbeidh an clúdach incháilithe:

*'...córas chun cothabháil agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gconair, á bhainistiú go háitiúil ag an Eagraíocht Bainistíochta Conairí. Is gá tús áite a thabhairt d'aon fhadhbanna sábháilteachta a fhaightear nó a thuairiscítear agus iad a shocrú dá réir. Caithfidh an eagraíocht bhainistíochta taifid chláraithe a choinneáil d'aon mhonatóireacht nó obair a dhéantar ar an gconair.'*

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid de na taifid chláraithe, agus dáta orthu, i dtaca le bainistiú conaire:
- Measúnú Riosca – aon athbhreithniú agus aon bhunús leis an measúnú san áireamh.
- Iniúchtaí agus Torthaí.
- Obair chothabhála agus/nó obair dheisiúcháin.
- Tuairiscí Timpistí/Teagmhas – taifead d'aon iniúchadh/gníomh a tháinig as san áireamh.
- Cinntí faoi leith arna ndéanamh ag Eagraíocht Bainistithe na Conaire.



# 4 Gnéithe a bhaineann le Gníomhaíocht faoi leith

Tá an chuid eile den doiciméad seo dírithe ar na cineálacha seo a leanas de chonairí faoi leith:

| GLASBHEALAÍ | CONAIRÍ EASBHÓTHAIR<br>- Saor ó Thrácht<br>- Rothaíocht sléibhe | ROTHAÍOCHT AR AN mBÓTHAR<br>- EuroVelo<br>- Ar an mBóthar |
|---|---|---|



# 5 Glasbhealaí

## 5.1 Cad is Glasbhealach ann?

An sainmhíniú straitéiseach[15] atá ann ná 'conair áineasa nó do choisithe le haghaidh turais gan inneall, an chonair forbartha ar bhealach comhtháite chun an comhshaol agus caighdeán na beatha sa cheantar máguaird a fheabhsú. Ba chóir do na bealaí seo caighdeáin shásúla a bhaint amach i dtaca le leithead, grádán agus riocht dromchla lena dheimhniú go mbeidh siad so-úsáidte ag úsáideoirí ar gach cumas agus le nach mbeidh ach leibhéal íseal riosca ann.' Go praiticiúil, ba cheart do ghlasbhealach a bheith scartha leis an trácht, a bheith leibhéalta, dromchla cothrom a bheith air agus úsáid chomhchoiteann a bheith i gceist leis. Is don rothaíocht is mó a úsáidfear iad ach, chomh maith leis sin, úsáidfidh cuairteoirí agus an pobal áitiúil iad agus iad ag siúl nó i gcathaoir rothaí.

Tá níos mó i gceist le glasbhealaí ná mar chosán idir dhá áit, tugann siad eispéireas iomlán don úsáideoir. Tugann siad seans dúinn chomh maith blaiseadh a fháil de na pobail trína dtéimid. Ba chóir leas a bhaint as glasbhealaí chun scéal na ndaoine agus na n-áiteanna a mbaineann leo a aithris. Bainfear leas as an léirmhíniú leis sin a dhéanamh.

## 5.2 Glasbhealach – Dearadh Conaire agus Bonneagar

### 5.2.1 Glasbhealach – Caighdeáin Náisiúnta

» **Cloíonn an glasbhealach leis na critéir íosta atá leagtha amach sna caighdeáin náisiúnta is infheidhme**

Tá iarracht déanta san fhoilseachán seo an méid atá in aon fhoilseacháin ábhartha reatha a athrá. Ba chóir dóibhsean atá ag obair chun glasbhealaí náisiúnta agus réigiúnacha a phleanáil agus a fhorbairt féachaint ar na Caighdeáin ó Bhonneagar Iompair Éireann maidir le Rotharbhealaí Tuaithe (As Líne agus Glasbhealaí) a dhearadh.

Baineann na caighdeáin seo le rotharbhealaí tuaithe nua nó feabhsaithe as líne a fhorbairt agus a chur ar fáil, glasbhealaí náisiúnta agus réigiúnacha ina measc (níos mó ná 20km ar fad), atá á maoiniú trí BIÉ agus/nó nuair is BIÉ an tÚdarás Formheasta, ach amháin má deir BIÉ a mhalairt. Bíodh sin mar atá, lena chois sin tugann siad an treoir don dea-chleachtas dóibh siúd atá ag forbairt glasbhealaí nach bhfuil chomh fada céanna.

De réir mar a éilítear sna Caighdeáin ó BIÉ, cuirfear na ceanglais maidir le caighdeáin chomhlántacha san áireamh agus i bhfeidhm in áiteanna a mbíonn rotharbhealaí tuaithe as líne, glasbhealaí náisiúnta agus réigiúnacha ina measc, ag teacht i dteagmháil leis na líonraí bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

15 Straitéis chun Forbairt a dhéanamh amach anseo ar Ghlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha

### 5.2.2 Glasbhealaí – na Prionsabail maidir le bheith Saor ó Thrácht

**Comhlíonann an Glasbhealach na prionsabail deartha le bheith saor ó thrácht**

Má úsáidtear na prionsabail seo a leanas don dearadh [16]déanfar a chinntiú go mbeidh na bealaí sin ionchuimsitheach, sábháilte agus tarraingteach. Seo iad:

- saor ó thrácht (in amanna, caithfear an bonneagar bóthair a úsáid, mar shampla, nuair a úsáidtear bóthar áitiúil nó neamh-ainmnithe mar pháirt de chonair nó nuair a théann conair thar an mbóthar);
- inrochtana ag gach úsáideoir dlisteanach[17];
- leathan go leor chun glacadh leis na húsáideoirí ar fad, leibhéil thuartha agus leibhéil úsáide amach anseo á gcur san áireamh;
- cothabháil a choinneáil ar leibhéal chomh híseal agus is féidir;
- comharthaí soiléire agus leanúnacha iontu;
- gach úsáideoir in ann bóithre a thrasnú go sábháilte;
- áiteanna tarraingteacha suimiúla le bheith iontu;
- beidh daoine ar a gcompord iontu.

Ba chóir na prionsabail a úsáid taobh leis an treoir atá ann cheana féin don dea-chleachtas sa dearadh.

## 5.3 Glasbhealach – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

**Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil**

Tá eolas reatha ar ghlasbhealaí do chuairteoirí agus treoir don chomharthaíocht curtha le chéile mar chuid den Eolas do Chuairteoirí agus Múnla Comharthaíochta mar at leagtha amach in Aguisín D. Tá achoimre ar an gcur chuige sa tábla thíos.

| Céim | Foinse |
|---|---|
| Eolas Réamhchuairte | Aguisín D.1 |
| Treochomharthaí Bóthair | Cuid 5.3.1 |
| Aitheantóir Thús na Siúlóide | Cuid 5.3.1 |
| Painéil Eolais i dTús na Conaire | Cuid 5.3.1 |
| Comharthaíocht ar an gConair | Cuid 5.3.1 |
| Athbhreithniú i ndiaidh Cuairte | Aguisín D.6 |

### 5.3.1 Glasbhealach - Sainchomharthaíocht

**Cloíonn an chomharthaíocht ar na glasbhealaí leis na critéir íosta atá leagtha amach i gCaighdeáin Bhonneagar Iompair Éireann agus sna Treoirlínte maidir le Dearadh agus Brandáil Glasbhealaí**

Tá comharthaíocht chuí agus marcanna bóthair cuí ina gcuid lárnach agus thábhachtach d'aon ghlasbhealach chun cúrsaí leanúnachais, sábháilteachta agus tarraingteachta a fheabhsú. Má bhíonn an chomharthaíocht chuí ann beidh soiléireacht ann don úsáideoir i dtaca le tús/deireadh an ghlasbhealaigh agus beidh foláirimh ann i dtaca leis na riosca a d'fhéadfadh a bheith ann. Taobh le riachtanais oibriúcháin a chur in iúl d'úsáideoirí, tá ról na comharthaíochta tábhachtach má tá rath le bheith ar bhealach. An chúis is bunúsaí atá leis an gcomharthaíocht ná úsáideoirí a thabhairt chun agus feadh an bhealaigh agus eolas a thabhairt dóibh faoin mbealach.

---

16 Rinneadh na prionsabail seo a shonrú mar chuid d'athbhreithniú ar an dea-chleachtas agus tá siad bunaithe ar threoir atá le fáil sa doiciméad dar teideal Sustrans Traffic-Free Routes and Greenways Design Guide

17 Maidir leo siúd a bhfuil cead acu an chonair a úsáid, tá seans ann, mar shampla, nach mbeidh an chonair inrochtana ag cuadrothair ná rothair streachailte toisc anach úsáideoirí dlisteanacha a bheadh iontu



Tá dhá chatagóir i gceist le comharthaíocht agus marcálacha bóthair:

- **Comharthaíocht agus marcáil línte rialála** – a bhaineann le comharthaíocht ar bhóithre poiblí, áit a dtagann glasbhealaí agus bóthar poiblí trasna ar a chéile agus feadh an ghlasbhealaigh. Sna caighdeáin ó BIÉ maidir le Dearadh Rotharbhealaí Tuaithe (As Líne agus Glasbhealaí), tugtar caighdeáin agus naisc chuig caighdeáin ábhartha eile amhail an Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta.

- **Brandáil / treoracha / cumarsáid** – má bhíonn leanúnachas ann agus Branda na nGlasbhealaí á úsáid, is é is fearr a bheidh sé ó thaobh feiceálachta de agus beidh sé níos fusa ag úsáideoirí féideartha an glasbhealach a aimsiú. Ba chóir do gach glasbhealach cloí leis na Treoirlínte maidir le Dearadh agus Brandáil Glasbhealaí.[18] Má tá an glasbhealach mar pháirt de bhealach EuroVelo, caithfear brandáil EuroVelo a chur ar an gcomharthaíocht agus a bheith ag teacht le Comharthaíocht ar Bhealaí EuroVelo.

  Tá Acmhainní chun Glasbhealaí a Ainmniú curtha le chéile ag Fáilte Éireann chun treoir a thabhairt sa ghné seo de bhranda a fhorbairt.

### 5.3.2 Glasbhealach - Léirmhíniú (Conair Rothaíochta Plus amháin)

**Tá eolas ar fáil mar chuid den ghlasbhealach a thugann blaiseadh do chuairteoirí de na pobail atá bainteach leis agus tá cuntas ann ar scéalta na ndaoine agus na háite a mbeidh siad ann**

Tá níos mó i gceist le glasbhealaí ná mar chosán idir dhá áit, tugann siad eispéireas iomlán don úsáideoir. Tugann siad blaiseadh do chuairteoirí de na pobail atá bainteach leis an nglasbhealach agus ba chóir dóibh aithris a dhéanamh ar scéalta na ndaoine agus na háite. Fágann an léirmhíniú gur féidir an scéalaíocht sin a dhéanamh. Próiseas cumarsáide é a ligeann dúinn ár scéalta a scaipeadh. Fíricí atá san fhaisnéis. Leis an léirmhíniú, nochtar dúinn na scéalta áitiúla a bhaineann go sonrach leis an nglasbhealach sin.

Tá tuilleadh eolais agus treorach ar fáil ar Acmhainní Fáilte Éireann don Eispéireas Cuartaíochta agus Léirmhíniú ar Ghlasbhealaí.

18 Please note: these brand guidelines must only be used on greenways funded by the Department of Transport

## 5.4 Glasbhealach – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)

**Tá cur chuige láidir i gceist leis an mbealach glas chun éagsúlacht gníomhaíochtaí a tharraingt le chéile**

Is éard atá sa turasóireacht eispéireasach ná turasóireacht atá spreagtha chun nasc a chothú le háit agus le cultúr agus muintir na háite sin. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil cuairteoir an lae inniu ag iarraidh níos mó a dhéanamh ná rudaí a fheiceáil nó a dhéanamh go díreach. An rud atá uathu go fírinneach ná iad féin a thumadh sa cheantar, plé le daoine, na céadfaí a úsáid, agus stair agus scéalta na háite a fháil amach. Is é atá i gceist le heispéiris a fhorbairt ná sócmhainní nádúrtha tírdhreacha, táirgí turasóireachta, seirbhís do chustaiméirí agus scéalta mealltacha a chur le chéile chun rud tarraingteach a fhorbairt don tomhaltóir nó 'eispéiris' don chuairteoir. Má dhéantar na céadfaí a spreagadh déanfar na mothúcháin a spreagadh agus déanfar cuimhní a fhorbairt a mhairfidh go ceann i bhfad.

Má táthar chun eispéiris a fhorbairt, caithfear cuid mhaith seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil ar an nglasbhealach, mar shampla iompar go dtí an glasbhealach agus uaidh, lóistín, bia, rothair ar cíos, treorú, cultúr, oidhreacht, etc. ionas go mbeidh cuairteoirí in ann iad féin a shamhlú ag caitheamh a gcuid ama ansin lena muintir agus lena gcairde agus iad ar cuairt ar an nglasbhealach. Bíonn sásamh le baint as eispéireas má éiríonn le gnólacht seans a thabhairt don chuairteoir a bheith sáite i scéal suimiúil tarraingteach. Tá tábhacht ag baint leis an gcruthaitheacht agus leis an rud nach bhfuil dúil leis agus glasbhealaí á bhforbairt. Tá tuilleadh eolais agus treorach ar fáil maidir le 'Roth an Eispéiris' a úsáid le fáil ar Acmhainní  Fáilte Éireann don Eispéireas Cuartaíochta agus Léirmhíniú ar Ghlasbhealaí.





# 6 Conair Easbhóthair-Saor ó Thrácht

## 6.1 Conair rothaíochta atá saor ó thrácht

Mar atá intuigthe, conairí saor ó thrácht den chuid is mó atá sna conairí a bhfuil an t-ainm sin orthu. Tá cúpla fochatagóir déanta astu do na critéir seo, áfach:

- **Glasbhealaí** – cuntas orthu i gCuid 5.
- **Rothaíocht sléibhe** – mar atá leagtha amach i gCuid 7.
- **Conairí Áineasa[19] atá saor ó thrácht (i.e. an bhéim sa chuid seo)** – mar shainmhíniú achomair is conairí iad seo atá saor ó thrácht den chuid is mó atá éagsúil le glasbhealaí ó tharla go mbeadh cineálacha éagsúla dromchla iontu (bóithre foraoise, bóithre portaigh, cosáin tarraingthe, etc.) chomh maith le héagsúlacht sa leithead agus sna grádáin iontu. Féadfar úsáid chomhchoiteann in éineacht le húsáideoirí áineasa eile a bheith i gceist leis na conairí seo nó d'fhéadfaidís a bheith dírithe ar an rothaíocht.

## 6.2 Saor ó Thrácht – Dearadh Conaire agus Bonneagar

### 6.2.1 Saor ó Thrácht – Prionsabail

**Comhlíonann an Chonair na prionsabail deartha le bheith saor ó thrácht**

Má úsáidtear na croíphrionsabail seo a leanas don dearadh [20]déanfar a chinntiú go mbeidh na bealaí sin ionchuimsitheach, sábháilte agus tarraingteach. Seo mar a bheidh siad:

- saor ó thrácht (féach cuid 6.2.3 maidir le comhtháthú leis an ngréasán bóithre);
- inrochtana ag gach úsáideoir dlisteanach[21;]
- leathan go leor chun glacadh leis na húsáideoirí ar fad, leibhéil thuartha agus leibhéil úsáide amach anseo á gcur san áireamh;
- cothabháil a choinneáil ar leibhéal chomh híseal agus is féidir;
- comharthaí soiléire agus leanúnacha iontu;
- gach úsáideoir in ann bóithre a thrasnú go sábháilte;
- áiteanna tarraingteacha suimiúla le bheith iontu;
- beidh daoine ar a gcompord iontu.

Ba chóir na prionsabail a úsáid taobh leis an treoir atá ann cheana féin don dea-chleachtas sa dearadh.

19 bealaí don Taisteal Gníomhach (mar shampla Saoráid Roinnte don Taisteal Gníomhach, Lána Rothaíochta nó Rian Rothaíochta) – níl an taisteal gníomhach mar pháirt de na critéir seo. Mar sin, tá cuntas ar an caighdeáin seo sa doiciméad Dearadh Rotharbhealaí Tuaithe (As Líne agus Glasbhealaí) ó BIÉ agus Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair.

20 Rinneadh na prionsabail seo a shonrú mar chuid d'athbhreithniú ar an dea-chleachtas agus tá siad bunaithe ar threoir atá le fáil sa doiciméad dar teideal Sustrans Traffic-Free Routes and Greenways Design Guide

21 Maidir leo siúd a bhfuil cead acu an chonair a úsáid, tá seans ann, mar shampla, nach mbeidh an chonair inrochtana ag cuadrothair ná rothair streachailte toisc nach úsáideoirí dlisteanacha a bheadh iontu

### 6.2.2 Saor ó Thrácht – Grádú Conairí

**Tá an grádú mar chonair atá saor ó thrácht bunaithe ar mheasúnú cruinn**

Tugann an grádú conairí thíos cur chuige i leith conairí rothaíochta atá saor ó thrácht agus a úsáidtear go díreach don rothaíocht; i gcás conairí don úsáid chomhchoiteann a úsáidfear faoi choinne meascán gníomhaíochtaí áineasa, coisíocht agus marcaíocht ina measc, **ní mór** dóibh siúd cloí leis na critéir bhreise maidir le leithead a luaitear tríd an téacs.

Chomh maith leis sin, lena chinntiú go mbeidh dea-thaithí áineasa ag gach duine, ba chóir cloí ar chonairí roinnte leis na critéir ábhartha ó Spórt Éireann a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoi leith, i.e.

- Critéir Conairí Siúil d'Éirinn
- Critéir Conairí Capall d'Éirinn

| GRÁD | IONCHAS |
|---|---|
| **Rothaíocht saor ó Thrácht – Gach Leibhéal Cumais** | Conairí réasúnta leathan a bhfuil dromchla orthu atá mín, cothrom agus seasmhach. Níl aon dreapadh ná titim shuntasach ann ná aon ghnéithe teicniúla.<br><br>*Á roinnt le húsáideoirí (de réir mar atá á chur in iúl ag bainisteoir na conaire)* |
| **Rothaíocht saor ó Thrácht – Éasca** | Conairí réasúnta leathan a bhfuil dromchla orthu atá mín, cothrom agus seasmhach. Níl aon dreapadh ná titim shuntasach ann ná aon ghnéithe teicniúla.<br><br>*Á roinnt le húsáideoirí (de réir mar atá á chur in iúl ag bainisteoir na conaire)* |

**Tabhair do d'aire:** Tá an grád conaire 'Rothaíocht Amháin – Éasca' mar an gcéanna le conair ar ghrád 'Rothar Sléibhe – Éasca (Glas)'. I bhfírinne, níl rothar sléibhe de dhíth ar úsáideoirí conaire chun conair 'Rothar Sléibhe – Éasca (Glas)' a dhéanamh. Mar sin féin, i gcás suíomh nach bhfuil ann ach conairí rothaíochta sléibhe, tá seans ann go mbeidh an bainisteoir conaire ag iarraidh iad a ainmniú ar mhaithe le leanúnachas.

Tá tuilleadh sonraí thíos sna sonraíochtaí teicniúla. Tá gluais téarmaíochta in Aguisín E.



| ROTHAÍOCHT SAOR Ó THRÁCHT – GACH LEIBHÉAL CUMAIS | |
|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo a leanas**[22] | Aon rothaithe agus aon chineál rothair á úsáid acu is cuma cén cumas nó taithí atá acu. Ina measc siúd tá rothaithe teaghlaigh/áineasa ar gach cumas, lena n-áirítear rothair a bhfuil suíochán linbh orthu, rothair leantóra, leantóirí agus cobhsaitheoirí. Dá réir sin, ba chóir go mbeidís leathan go leor chun glacadh go sábháilte leis na húsáideoirí seo.<br><br>***Más úsáid chomhchoiteann atá ann:*** Gach úsáideoir (mar atá sonraithe ag bainisteoir na conaire, mar shampla siúlóirí, marcálaithe, rothaithe), iad siúd ar chumas teoranta ina measc. |
| **Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir** | Conairí réasúnta leathan a bhfuil dromchla orthu atá mín, cothrom agus seasmhach. Níl aon dreapadh ná titim shuntasach ann ná aon ghnéithe teicniúla.<br><br>***Más úsáid chomhchoiteann atá ann:*** Á roinnt le húsáideoirí (de réir mar atá á chur in iúl ag bainisteoir na conaire) |
| **AICMIÚ LE HAGHAIDH FORBRÓIRÍ CONAIRÍ** | |
| **Dromchla Conaire** | Dromchla cothrom, réidh, leanúnach tríd agus tríd. B'fhéidir go mbeadh asfalt, agus gairbhéal agus dusta balctha ann chomh maith.<br><br>Tá sé tábhachtach go mbeidh dromchlaí ann atá cothrom agus comhsheasmhach ionas go mbeidh rothaithe a bhfuil meascán de chineálacha rothar agus bonn acu in ann dul go sábháilte ar na conairí, páistí ina measc a mbeadh rothair acu agus rothaí beaga nó rothaí traenála orthu. |
| **Leithead Conaire** | 1500mm ar a laghad<br><br>***Más úsáid chomhchoiteann atá ann:*** 2500mm ar a laghad |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta nach mó ná 3%<br><br>Grádán Uasta iomlán de 5% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 30m<br><br>Tá grádáin ísle riachtanach má táthar lena chinntiú go mbeidh gach úsáideoir in ann na conairí seo a úsáid go sábháilte agus lena chinntiú nach mbeidh rachaidh coimhlintí idir úsáideoirí ná fadhbanna sábháilteachta i bhfeidhm ar inbhuanaitheacht na gconairí |
| **Línte amhairc** | 40m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | **Conairí atá cothrom nó leibhéalta agus gan aon ghnéithe suntasacha conaire orthu. Tugtar treoir thíos:**<br><br>**Aisiompú grád:** fad 10m ar a laghad, doimhneacht 500m ar a mhéad<br><br>**Castaí**: Casadh fána, ga 10m ar a laghad<br>Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 8m<br>Beirmeacha – ceann ar bith<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Ceann ar bith<br><br>**Céimeanna, íoschéimniú agus íoschéimniú inrollta**: Ceann ar bith<br><br>**Rollóirí, Ardchláir, Aistir Adhmaid:** Ceann ar bith<br><br>**Clárchosáin**: íosleithead 2500mm – uasairde os cionn leibhéal na talún 300mm<br>Ráillí cosanta: íosairde 1100mm má bhíonn titim neamhchosanta níos mó ná 300mm ann<br>Grádán uasta clárchosán de 0% gan fána amach ná fána isteach ann<br><br>**Droichid:** íosleithead 2.5m – ráillí cosanta ar an dá thaobh, íosairde 1100mm<br><br>**Eile:** I gcás aon chiumhaiseanna neamhchosanta atá níos airde ná 600mm, ba chóir ráille cosanta a bheith orthu ar fad, íosairde 1100mm |

22 Tá sé seo ag teacht leis an sainmhíniú ar Chonair Ilrochtana atá sa doiciméad le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Treoirlínte Rochtana maidir leis an Saol Amuigh faoin Aer

| ROTHAÍOCHT SAOR Ó THRÁCHT – ÉASCA | |
|---|---|
| **Oiriúnach do**[23] | Fóirsteanach don chuid is mó d'úsáideoirí, lena n-áirítear páistí atá in ann rothair easbhóthair a úsáid a bhfuil rothaí nach lú ná 400mm orthu agus úsáideoirí faoi luaineacht theoranta agus cathaoir rothaí easbhóthair á húsáid acu. Is é an rothar sléibhe is compordaí ach bheadh rothair eile a bhfuil boinn leathana orthu fóirsteanach. Oiriúnach do rothair leantóra. Mí-oiriúnach do rothaí traenála nó suíocháin linbh. Scileanna bunúsacha le rothar a rialú ag teastáil.<br><br>***Más úsáid chomhchoiteann atá ann:*** Gach úsáideoir (mar atá sonraithe ag bainisteoir na conaire, mar shampla siúlóirí, marcálaithe, rothaithe), iad seo ina measc:<br>• Coisithe ar mheascán de chumas, leanaí óga agus bugaithe babaí ina measc<br>• Úsáideoirí eachaíochta ar gach cumas[24]<br><br>***Mí-oiriúnach dóibh seo:***<br>• Daoine faoi luaineacht theoranta nó a bhfuil lagú amhairc orthu |
| **Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir** | Conairí atá réasúnta cothrom, leathan agus mín. Dreapadh séimh, titim shéimh, rollóirí agus beirmeacha séimhe chomh maith le gnéithe inseachanta ar nós carraigeacha agus sclaigeanna. Tá seans ann go mbeidh an dromchla scaoilte, aimhréidh nó lábach in amanna. |
| **AICMIÚ LE HAGHAIDH FORBRÓIRÍ CONAIRÍ** | |
| **Dromchla Conaire** | B'fhéidir go mbeadh asfalt, agus cloch, gairbhéal agus dusta balctha le fáil i ndromchlaí comhsheasmhacha séalaithe. Ar na conairí seo, b'fhéidir go mbeadh easair duillí charntha ar doimhneacht 20mm ar a mhéad agus carnáin de ghairbhéal scaoilte ar doimhneacht 20mm ar a mhéad |
| **Leithead Conaire** | Raon: 1500mm go 2200mm<br><br>***Más úsáid chomhchoiteann atá ann:*** 1800mm ar a laghad |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán uasta nach mó ná 5%<br><br>Grádán Uasta iomlán de 8% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 20m |
| **Línte amhairc** | 30m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | Conairí atá cothrom nó leibhéalta agus gan aon ghnéithe suntasacha conaire orthu<br><br>**Aisiompú grád:** 5000m ar fad ar a laghad, doimhneacht 800mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána, ga 8m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 8m<br><br>**Athruithe leibhéil:** uasairde 60mm agus 20m óna chéile ar a laghad<br><br>**Céimeanna, íoschéimniú agus íoschéimniú inrollta**: Ceann ar bith<br><br>**Rollóirí, Ardchláir, Aistir Adhmaid:** Ceann ar bith<br><br>**Clárchosáin**: íosleithead 2.5m – uasairde os cionn leibhéal na talún 300mm, grádán uasta clárchosán 0% agus gan fána amach/fána isteach ann<br><br>**Droichid:** íosleithead 2.5m – ráillí cosanta ar an dá thaobh, íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** doimhneacht 60mm ar a mhéad, fad/leithead uasta de 300mm, minicíocht uasta 2 x 20m<br><br>**Eile:** I gcás aon chiumhaiseanna neamhchosanta atá níos airde ná 600mm, ba chóir ráille cosanta a bheith orthu ar fad, íosairde 1100mm |

23 Tá sé seo ag teacht leis an sainmhíniú ar Chonair Rochtana Dúshlánaí atá sa doiciméad le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Treoirlínte Rochtana maidir leis an Saol Amuigh faoin Aer

24 Maidir le húsáid eachaíochta a chur leis an gconair, cinneadh bainistíochta níos leithne atá ansin a bhaineann le chomh hoiriúnach a bheadh an mharcaíocht ar an láithreán/conair

#### 6.2.3 Saor ó Thrácht – Comhtháthú leis an mBonneagar Bóthair

**Táthar ag cloí leis na caighdeáin náisiúnta is infheidhme má bhíonn aon mheascán ann le bonneagar bóithre**

Mar a luaitear sa sainmhíniú, maidir le conairí rothaíochta atá saor ó thrácht, bíonn siad saor ó thrácht an chuid is mó den am. In amanna, áfach, caithfear an bonneagar bóthair a úsáid, mar shampla, nuair a úsáidtear bóthar áitiúil nó neamh-ainmnithe mar pháirt de chonair nó nuair a théann conair thar an mbóthar. Ba chóir cloí le caighdeáin náisiúnta agus an méid sin á dhéanamh. Gheofar treoir sa doiciméad Dearadh Rotharbhealaí Tuaithe (As Líne agus Glasbhealaí) agus sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta.

#### 6.2.4 Saor ó Thrácht – Bonneagar

**Tá neart spásanna sa charrchlós ag Tús na Conaire**

Ba chóir go mbeadh páirceáil easbhóthair (ar shiúl ón mbóthar poiblí) le fáil i dtús conaire sainithe a bheidh in ann freastal ar an líon cuairteoirí a rachaidh chuig an láithreán.

Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith ar fáil i dTús Conaire a théann chuig Conairí Ilrochtana nó Conairí Rochtana Dúshlánaí[25]:

- **Páirceáil** - ba cheart bánna páirceála agus áiteanna le paisinéirí a ligean amach a chur ar fáil ag tús na conaire nó ag an mbealach isteach. Ba chóir plé a dhéanamh chomh maith ar nascacht rothaíochta a fhorbairt chuig bailte móra agus sráidbhailte atá cóngarach.
- **Rochtain Leibhéalta**- ón limistéar páirceála go dtí an bealach / go dtí áit atá cóngarach don chonair agus ar aghaidh ansin chuig aon saoráid ar an láithreán.
- **Leithris Phoiblí Inrochtana / Áis Feistis** - le bheith suite cóngarach do thús na conaire/don phointe rochtana.

Samplaí de roghanna breise neamhriachtanacha ar gach conair:

- Racaí Rothar
- Niteoir Rothar
- Leithris

25 Irish Wheelchair Association – Get Outdoors Access Guidelines

## 6.3 Saor ó Thrácht – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

**Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil**

Ba chóir do chonairí atá saor ó thrácht cloí leis an Múnla le haghaidh Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaí mar atá in Aguisín D.

| Céim | Foinse |
|---|---|
| Eolas Réamhchuairte | Aguisín D.1 |
| Treochomharthaí Bóthair | Aguisín D.2 |
| Aitheantóir Thús na Siúlóide | Aguisín D.3 |
| Painéil Eolais i dTús na Conaire | Aguisín D.4 |
| Comharthaíocht ar an gconair | Aguisín D.5 |
| Athbhreithniú i ndiaidh Cuairte | Aguisín D.6 |

## 6.4 Saor ó Thrácht – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)

Má dhéanann conair na gnéithe go léir a luaitear sna critéir a chomhlíonadh, dea-eispéireas áineasa taobh amuigh a bheidh ann don úsáideoir deiridh. Ar an lámh eile, más mian le forbróirí conaire an chonair atá Saor ó Thrácht a chur san áireamh i bpunann níos leithne d'áiteanna turasóireachta, ba chóir iarracht a dhéanamh na critéir a bhaineann le 'Conair Rothaíochta Plus' a bhaint amach. Tá siad seo roghnach agus níl siad mar chuid den phróiseas measúnaithe do Chlár Náisiúnta na gConairí.

### 6.4.1 Leithris agus Áiseanna Gléasta

**Tá leithris ar fáil cóngarach do thús na siúlóide**

Ba chóir leithris agus áiseanna gléasta a chur ar fáil don phobal gar do thús conairí.
Socrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá sa leithreas múirínithe. Tá costais tógála níos lú ag baint leis ó thaobh cumhachta agus cóireáil eisiltigh de. Mar sin féin, is gá a bheith cúramach ó thaobh áit a gcuirtear iad agus is gá iad a bhainistiú uaireanta, go háirithe i gcodanna den chonair a úsáidtear go mór.

### 6.4.2 Bialanna agus Taitneamhachtaí

**Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus / nó ó na conairí féin**

Ba cheart go mbeadh teacht go furasta ag cuairteoirí ar bhialanna, i dtús conairí más féidir. Ba chóir iad a chur ar fáil taobh istigh d'achar gairid siúil ar a laghad ar bith. Ba cheart iad seo a shonrú go soiléir mar chuid den eolas do chuairteoirí.
Tá seans ann gurbh fhearr roghanna taistil lónadóireachta a chur ar fáil má bhíonn tús na conaire faoin tuath. Ba chóir a chinntiú go mbeadh na roghanna lónadóireachta sin tuisceanach ar an áit agus bearta réamhghníomhacha a bheith ag baint leo chun bruscar a chosc agus chun plé le bia a dhiúscairt.

### 6.4.3 Rothair ar cíos

**Is féidir rothair a fháil ar cíos**

Ba chóir rothair a bheith ar fáil ar cíos a bheadh fóirsteanach do ghrádú na conaire. Mar shampla, i gcás láithreáin a chuireann leibhéal Glas (Conairí Éasca) ar fáil, ba chóir rothair a chur ar fáil a bheadh ag teacht leis an ngrád sin.



# 7 Rothaíocht Sléibhe Easbhóthair

## 7.1 Cad is rothaíocht sléibhe ann?

**Chun críocha na gcritéar seo, is é an sainmhíniú atá ar Rothaíocht Sléibhe ná conairí rothaíochta easbhóthair i dtimpeallacht foraoise de ghnáth ina bhfaightear meascán de chonairí easbhóthair atá deartha go speisialta don chúis le bóithre foraoise atá ann cheana féin. Go hiondúil, cuirtear na conairí seo ar fáil mar chuid d'fhormáid 'Ionad Conaire' faoi leith nó mar chuid de phunann níos leithne de láithreán áineasa.**

## 7.2 Rothaíocht Sléibhe – Dearadh Conaire agus Bonneagar

### 7.2.1 Rothaíocht Sléibhe – Grádú Conaire

**Tá an grádú mar Chonair Rothaíochta Sléibhe bunaithe ar mheasúnú cruinn**

Úsáidtear cur chuige ciallmhar chun conairí rothaíochta sléibhe a ghrádú sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tá éagsúlachtaí beaga ann ó áit go háit ach tugann sé cur chuige leanúnach chun deis a fháil dóibh siúd a úsáideann conairí in áiteanna éagsúla conair a roghnú bunaithe ar a gcumas, leibhéal aclaíochta agus trealamh féin. Úsáidtear an grádú achomair seo a leanas ar chonairí rothaíochta sléibhe:

| Grád | | Ionchas |
|---|---|---|
| Glas: Éasca | ● (glas) | Conairí atá réasúnta cothrom, leathan agus mín. Dreapadh séimh, titim shéimh, rollóirí agus beirmeacha séimhe chomh maith le gnéithe inseachanta ar nós carraigeacha agus sclaigeanna. Tá seans ann go mbeidh an dromchla scaoilte, aimhréidh nó lábach in amanna. |
| Gorm: Measartha | ■ (gorm) | Meascán de dhreapadh agus titim, grádáin mheasartha, gnéithe teicniúla mar shampla fréamhacha agus céimeanna carraige; léimeanna agus beirmeacha. Gnéithe inrollta ar luas rialaithe. Éagsúlacht dromchlaí. |
| Dearg: Deacair | ▲ (dearg) | Meascán de dhreapadh géar agus titim ghéar agus/nó gnéithe inseachanta. Léimeanna, beirmeacha agus gnéithe inrollta níos mó ar luas rialaithe. Gnéithe teicniúla ar nós fréamhacha crann, fánaí géara agus carraigeacha móra. An-éagsúlacht dromchlaí. |
| Dubh: Dian | ◆ | Dreapadh, titim agus léimeanna atá fada agus géar. Guaiseacha éagsúla, fánaí géara agus gnéithe dúshlánacha ina measc. Athrú dromchla ar ráta sciobtha. Dúthracht ag teastáil. |
| Dubh Dúbailte: An-dian ar fad | ◆◆ | Iontach gasta agus fánaí géara.<br>Fánaí géara, léimeanna agus constaicí nach féidir iad a sheachaint a mbíonn leibhéil arda scile agus dúthrachta ag teastáil ina leith. Leibhéal an-ard ar fad de neamhchosaint nó riosca. Athrú dromchla ar ráta sciobtha. |

Tá na comhlachtaí poiblí is mó atá freagrach as conairí rothaíochta sléibhe a fhorbairt sa Ríocht Aontaithe[26] i ndiaidh forbairt a dhéanamh ar na hainmneacha grádaithe, cur síos, cruthanna agus dathanna thuas agus tá cead tugtha acu iad a fhoilsiú anseo.

Cé go bhfuil grádú eile ann atá chomh dúshlánach le Dubh (Dian) agus Dubh dúbailte (An-dian ar fad), tá socrú déanta ag Spórt Éireann nach bhfuil na cineálacha sin conaire fóirsteanach lena gcur san áireamh i gClár na gConairí Náisiúnta. Tá tuilleadh sonraí thíos sna sonraíochtaí teicniúla:

## Glas: Éasca

| | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Fóirsteanach don chuid is mó d'úsáideoirí, lena n-áirítear páistí atá in ann rothair easbhóthair a úsáid a bhfuil rothaí nach lú ná 400mm orthu agus úsáideoirí faoi luaineacht theoranta agus cathaoir rothaí easbhóthair á húsáid acu. Is é an rothar sléibhe is compordaí ach bheadh rothair eile a bhfuil boinn leathana orthu fóirsteanach. Oiriúnach do rothair leantóra. Mí-oiriúnach do rothaí traenála nó suíocháin linbh. Scileanna bunúsacha le rothar a rialú ag teastáil. |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Conairí atá réasúnta cothrom, leathan agus mín. Dreapadh séimh, titim shéimh, rollóirí agus beirmeacha séimhe chomh maith le gnéithe inseachanta ar nós carraigeacha agus sclaigeanna. Tá seans ann go mbeidh an dromchla scaoilte, aimhréidh nó lábach in amanna. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí Conairí** | |
| **Dromchla Conaire** | Dromchla cothrom, réidh, leanúnach tríd agus tríd. B'fhéidir go mbeadh asfalt, agus cloch, gairbhéal agus dusta balctha ann chomh maith. Ar na conairí seo, b'fhéidir go mbeadh easair duillí charntha ar doimhneacht 20mm ar a mhéad agus carnáin de ghairbhéal scaoilte ar doimhneacht 20mm ar a mhéad |
| **Leithead Conaire** | Raon: 1500mm go 2200mm |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta: nach mó ná 5%<br>Grádán Uasta iomlán: 8% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 20m |
| **Línte amhairc** | 30m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | Conairí atá cothrom nó leibhéalta agus gan aon ghnéithe suntasacha conaire orthu. Tugtar treoir thíos.<br><br>**Aisiompú grád:** 5000m ar fad ar a laghad, doimhneacht 800mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána, ga 8m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 8m<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Uasairde 60mm agus 20m óna chéile ar a laghad<br><br>**Céimeanna, íoschéimniú agus íoschéimniú inrollta**: Ceann ar bith<br><br>**Rollóirí, Ardchláir, Aistir Adhmaid:** Ceann ar bith<br><br>**Clárchosáin**: Íosleithead 2.5m – uasairde os cionn leibhéal na talún 300mm, grádán uasta clárchosán 0% agus gan fána amach/fána isteach ann<br><br>**Droichid:** Íosleithead 2.5m – ráillí cosanta ar an dá thaobh, íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** Doimhneacht 60mm ar a mhéad, fad/leithead uasta de 300mm, minicíocht uasta 2 x 20m<br><br>**Eile:** I gcás aon chiumhaiseanna neamhchosanta atá níos airde ná 600mm, ba chóir ráille cosanta a bheith orthu ar fad, íosairde 1100mm |

26 Acmhainní Nádúrtha na Breataine Bige, Foraoiseacht agus Talamh Albain, agus Foraoiseacht Shasana – Iúil 2002

## Gorm: Measartha

| | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Oiriúnach do rannpháirtithe a bhfuil leibhéal réasúnta aclaíochta acu agus an cumas acu smacht a choinneáil ar rothar. Oiriúnach go díreach do rothair easbhóthair. Níl an chonair oiriúnach do rothaí traenála, rothair leantóra, suíocháin linbh agus leantóirí. |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Meascán de dhreapadh agus titim, grádáin mheasartha, gnéithe teicniúla mar shampla fréamhacha agus céimeanna carraige; léimeanna agus beirmeacha. Gnéithe inrollta ar luas rialaithe. Éagsúlacht dromchlaí. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí Conairí** | |
| **Dromchla Conaire** | Dromchla athraitheach atá fós daingean a d'fhéadfadh a bheith réasúnta éagothrom agus ábhar scaoilte a bheith ann in amanna. Ar na dromchlaí tá seans ann go ábhar bactha mar shampla cloch, gairbhéal, ithir, féar, gaineamh agus lábán. Easair duillí suas le doimhneacht 30mm agus gairbhéal scaoilte suas le doimhneacht 50mm |
| **Leithead Conaire** | Raon: 800mm go 1200mm. Leithead treorach de 1000mm ar a laghad |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta: nach mó ná 5%<br>Grádán Uasta iomlán: 15% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 20m, nó 8% síos le fána |
| **Línte amhairc** | 20m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | Ba chóir go mbeadh gnéithe na conaire in-rollta ar rothar a bhfuil rothaí 20" air nó an rogha ann iad a sheachaint. Tugtar treoir thíos:<br><br>**Aisiompú grád:** 3000mm ar fad ar a laghad, doimhneacht 1000mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána - ga 6m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 4m<br>• Beirmeacha - ga 6m ar a laghad, 10% díobh i bhfána na conaire, uasairde 600mm<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Uasairde 100mm, 10m óna chéile ar a laghad<br><br>**Céimeanna, íoschéimniú agus íoschéimniú inrollta**: Ceann ar bith<br><br>**Rollóirí:** Uasairde 500mm, fad 1500mm ar a laghad, 4m óna chéile ar a laghad, gan níos mó ná dhá cheann acu a bheith le chéile nó iad ina n-aonar<br><br>**Ardchláir:** Ceann ar bith<br><br>**Clárchosáin**: Íosleithead 1200mm – uasairde thar leibhéal na talún 500mm, ráillí cosanta ar íosairde 1100mm má tá an airde os cionn leibhéal na talún níos mó ná 400mm, grádán uasta clárchosán 5% agus fána amach/fána isteach uasta de 3%<br><br>**Droichid:** Íosleithead 2.5m – ráillí cosanta ar an dá thaobh, íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** Doimhneacht 100mm ar a mhéad, fad/leithead uasta de 500mm, minicíocht 4 x 20m ar a mhéad<br><br>**Eile:** I gcás aon chiumhaiseanna neamhchosanta atá níos airde ná 1500mm, ba chóir ráille cosanta a bheith orthu ar fad, íosairde 1100mm |

## Dearg: Deacair ▲

| | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Oiriúnach do rothaithe sléibhe a bhfuil taithí acu ag rothaíocht ar rothar sléibhe agus crochadh tosaigh ar a laghad air.<br>Bealaí iad seo atá dúshlánach don chorp agus go teicniúil. Tá cumas de dhíth chun rothar a smachtú chomh maith le leibhéal maith aclaíochta coirp. |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Meascán de dhreapadh géar agus titim ghéar agus/nó gnéithe inseachanta. Léimeanna, beirmeacha agus gnéithe inrollta níos mó ar luas rialaithe. Gnéithe teicniúla ar nós fréamhacha crann, fánaí géara agus carraigeacha móra. An-éagsúlacht dromchlaí. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí Conairí** | |
| **Dromchla Conaire** | Athraitheach agus éagothrom, lena n-áirítear ábhar scaoilte, carraigeacha, lábán, gairbhéal, fréamhacha, féar agus fásra eile. Tá seans ann go dtiocfaidh athrú go tobann ar dhromchlaí agus go mbeidh éagsúlacht ann taobh istigh d'achar gairid. |
| **Leithead Conaire** | Raon: 500mm go 800mm. Íosleithead treorach de 600mm |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta: nach mó ná 10%<br>Grádán Uasta iomlán: 20% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 50m |
| **Línte amhairc** | 15m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | Ba chóir go mbeadh gnéithe na conaire in-rollta ar rothar a bhfuil rothaí 24" air nó an rogha ann iad a sheachaint. Tugtar treoir thíos:<br><br>**Aisiompú grád:** 2500mm ar fad ar a laghad, doimhneacht 1000mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána - ga 5m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 4m<br>• Beirmeacha - ga 4m ar a laghad, 20% díobh i bhfána na conaire, uasairde 1200mm<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Airde 150mm ar a mhéad agus 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú**: Airde 500mm ar a mhéad agus 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú in-rollta:** Airde 1000mm ar a mhéad, 5m óna chéile ar a laghad<br><br>**Rollóirí:** Uasairde 1200mm, fad 1500mm ar a laghad, 2m óna chéile ar a laghad agus gan níos mó ná trí cinn acu le chéile i ngach sraith<br><br>**Ardchláir:** 1500mm ar airde ar a mhéad, fad 2000mm ar a laghad<br><br>**Clárchosáin**: Íosleithead 600mm – uasairde os cionn leibhéal na talún 1200mm, grádán uasta clárchosán 10% agus fána amach/fána isteach uasta de 15%, athruithe leibhéil suas le 100mm, castaí suas le 90°<br><br>**Droichid:** Íosleithead 2m – ráillí cosanta ar an dá thaobh, íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** Doimhneacht uasta 120mm, fad/leithead uasta 600mm, minicíocht uasta 5 x 20m<br><br>**Eile:** I gcás aon chiumhaiseanna neamhchosanta atá níos airde ná 1500mm, ba chóir ráille cosanta a bheith orthu ar fad, íosairde 1100mm |

| **Dubh: Dian** ◆ | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Oiriúnach do rothaithe sléibhe a bhfuil an-taithí acu ag rothaíocht ar rothar sléibhe agus go díreach crochadh tosaigh air. Conairí dúshlánacha iad seo in áiteanna atá deacair agus, go minic, iargúlta a bhfuil gnéithe deacra éagsúla ag baint leo. |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Dreapadh, titim agus léimeanna atá fada agus géar. Guaiseacha éagsúla, fánaí géara agus gnéithe dúshlánacha ina measc. Athrú dromchla ar ráta sciobtha. Dúthracht ag teastáil. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí Conairí** | |
| **Dromchla Conaire** | Millteanach athraitheach agus éagothrom, lena n-áirítear ábhar scaoilte mór suas le méid 100mm, lábán, carraigeacha, gaineamh, féar agus fásra eile, gairbhéal agus fréamhacha.<br>Tá seans ann go dtiocfaidh athrú ar dhromchlaí gan choinne, iad sleamhain agus éagobhsaí. |
| **Leithead Conaire** | 400mm ar a laghad |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta nach mó ná 25%<br>Grádán Uasta iomlán de 50% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 10m |
| **Línte amhairc** | 15m ar a laghad |
| **Gnéithe Conaire** | Ní gá go mbeadh gnéithe den chonair in-rollta ná go mbeadh rogha ann imeacht. Tugtar treoir thíos:<br><br>**Aisiompú grád:** Fad 1000mm ar a laghad, doimhneacht 1500mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána - ga 5m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 4m<br>• Beirmeacha - ga 4m ar a laghad, 20% díobh i bhfána na conaire, uasairde 2000mm<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Airde 300mm ar a mhéad agus 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú**: Airde 1000mm ar a mhéad, 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú in-rollta:** Airde 1500mm ar a mhéad, 5m óna chéile ar a laghad<br><br>**Rollóirí:** Uasairde 2000mm, fad 1200mm ar a laghad, 1.5m óna chéile ar a laghad agus gan níos mó ná ceithre cinn acu le chéile i ngach sraith<br><br>**Ardchláir:** Airde 2000mm ar a mhéad, fad 2000mm ar a laghad<br><br>**Clárchosáin**: Íosleithead 500mm – uasairde os cionn leibhéal na talún 2000mm, grádán uasta clárchosán 20% agus fána amach/fána isteach uasta de 30%. Athruithe leibhéil suas le 300mm, casadh suas le 60°.<br><br>Chomh maith leis sin, seans go mbeidh gnéithe ann ar nós rampaí suas le 8m ar fad agus grádán suas le 50% ann.<br><br>Más rud é go bhfuil clárchosáin níos mó ná 1500mm os cionn leibhéal na talún, is gá ráillí cosanta 1100mm ar a laghad a chur isteach<br><br>**Droichid:** Íosleithead 1500mm agus ráillí cosanta ar an dá thaobh ar íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** Doimhneacht uasta 120mm, fad/leithead uasta 600mm, minicíocht uasta 5 x 20m<br><br>**Eile:** Chomh maith leis na gnéithe de chonairí a luaitear thuas, d'fhéadfadh na conairí seo dul trasna ar fhánaí géara neamhchosanta i dtír-raon atá garbh agus dúshlánach. D'fhéadfadh ciumhaiseanna nó titim suas le 2500mm a bheith ar na conairí seo. Nuair a éiríonn ciumhaiseanna neamhchosanta nó titim níos mó ná 2500mm, ní mór ráillí cosanta 1100mm ar a laghad ar airde a chur isteach. Ar na conairí seo, seans nach mbeidh ach glanspás teoranta chomh beag le 800mm idir crainn, stumpaí, carraigeacha, lomáin charraigeacha agus gnéithe deighilte ar nós bloc-chlocha. |

| Dubh Dúbailte: An-dian ar fad ◆◆ | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Oiriúnach do rothaithe sléibhe saineolacha, iad ar rothar sléibhe gan ach crochadh tosaigh air. |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Iontach gasta agus fánaí géara.<br>Fánaí géara, léimeanna agus constaicí nach féidir iad a sheachaint a mbíonn leibhéil arda scile agus dúthrachta ag teastáil ina leith. Leibhéal an-ard ar fad de neamhchosaint nó riosca. Athrú dromchla ar ráta sciobtha. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí Conairí** | |
| **Dromchla Conaire** | Dromchlaí atá millteanach éagothrom, éagobhsaí nó scaoilte, lena n-áirítear lábán, gaineamh, gloine, fásra eile, fréamhacha, gairbhéal agus carraigeacha. B'fhéidir go mbeadh ábhar mór scaoilte suas le méid 300mm i ndromchlaí. Tá seans ann go dtiocfaidh athrú ar dhromchlaí go tobann, iad sleamhain agus éagobhsaí. |
| **Leithead Conaire** | 300mm ar a laghad |
| **Grádán Conaire** | Meánghrádán Uasta nach mó ná 20%<br>Grádán Uasta iomlán de 70% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 20m |
| **Línte amhairc** | N/B |
| **Gnéithe Conaire** | Ní gá go mbeadh gnéithe leanúnacha den chonair in-rollta ná go mbeadh rogha ann imeacht. Tugtar treoir thíos:<br><br>**Aisiompú grád:** Fad 1000mm ar a laghad, doimhneacht 1500mm ar a mhéad<br><br>**Castaí**:<br>• Casadh fána - ga 5m ar a laghad<br>• Aisiompú treo droma rollta, ga íosta 4m<br>• Beirmeacha - ga 3m ar a laghad, 40% díobh i bhfána na conaire, uasairde 2500mm<br><br>**Athruithe Leibhéil:** Uasairde 1500mm agus 2m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú**: Uasairde 2500mm agus 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Íoschéimniú in-rollta:** Uasairde 3500mm agus 4m óna chéile ar a laghad<br><br>**Rollóirí:** Uasairde 2500mm, fad 1200mm ar a laghad, 1.5m óna chéile ar a laghad agus gan níos mó ná ceithre cinn acu le chéile i ngach sraith<br><br>**Ardchláir:** Airde 2000mm ar a mhéad, fad 2000mm ar a laghad<br><br>**Aistir Adhmaid:** Ní féidir leo seo a bheith níos faide ná 20m, grádán 20% ar a mhéad orthu, leithead 300mm a laghad ag baint leo agus gan iad níos mó ná 1000mm os cionn leibhéal na talún.<br><br>**Clárchosáin**: Íosleithead 300mm – uasairde os cionn leibhéal na talún 2500mm, grádán uasta clárchosán 30% agus fána amach/fána isteach uasta de 30%. Athruithe leibhéil suas le 600mm, castaí suas le 60° agus fánaí isteach/amach suas le 40% ann.<br><br>Chomh maith leis sin, seans go mbeidh gnéithe ann ar nós rampaí suas le 10m ar fad agus grádán suas le 80% ann.<br><br>Más rud é go bhfuil clárchosáin níos mó ná 1500mm os cionn leibhéal na talún, is gá ráillí cosanta 1100mm ar a laghad a chur isteach.<br><br>**Droichid:** Íosleithead 1500mm agus ráillí cosanta ar an dá thaobh ar íosairde 1100mm<br><br>**Sclaigeanna:** Doimhneacht uasta 120mm, fad/leithead uasta 600mm, minicíocht uasta 5 x 20m<br><br>**Eile:** D'fhéadfadh ciumhaiseanna nó titim suas le 2500mm a bheith ar na conairí seo. Nuair a éiríonn ciumhaiseanna neamhchosanta nó titim níos mó ná 2500mm, ní mór ráillí cosanta 1100mm ar a laghad ar airde a chur isteach. Ar na conairí seo, seans nach mbeidh ach glanspás teoranta chomh beag le 1000mm idir crainn, stumpaí, carraigeacha, lomáin charraigeacha agus gnéithe deighilte ar nós bloc-chlocha. |

### 7.2.2 Rothaíocht Sléibhe – Bonneagar

**Tá neart spásanna sa charrchlós ag Tús na Conaire**

Ba chóir go mbeadh páirceáil easbhóthair (ar shiúl ón mbóthar poiblí) le fáil i dtús conaire sainithe a bheadh in ann freastal ar an líon cuairteoirí a rachaidh chuig an láithreán. Ba chóir plé a dhéanamh chomh maith ar nascacht rothaíochta a fhorbairt chuig bailte móra agus sráidbhailte atá cóngarach. Samplaí de roghanna breise neamhriachtanacha:

- Racaí Rothar
- Niteoir Rothar
- Leithris

## 7.3 Rothaíocht Sléibhe – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

**Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil**

Tá eolas do chuairteoirí maidir leis an dea-chleachtas sa rothaíocht sléibhe chomh maith le treoir don chomharthaíocht curtha le chéile mar chuid den Eolas do Chuairteoirí agus Múnla Comharthaíochta mar at leagtha amach in Aguisín D. Tá achoimre ar an gcur chuige sa tábla thíos.

| Céim | Foinse |
|---|---|
| Eolas Réamhchuairte | Aguisín D.1 |
| Treochomharthaí Bóthair | Aguisín D.2 |
| Aitheantóir Thús na Siúlóide | Aguisín D.3 |
| Painéil Eolais i dTús na Conaire | Cuid 7.3.1 |
| Comharthaíocht ar an gconair | Cuid 7.3.1 |
| Athbhreithniú i ndiaidh Cuairte | Aguisín D.6 |

### 7.3.1 Rothaíocht Sléibhe - Comharthaíocht a bhaineann go sonrach le Conair

**Táthar tar éis cloí go sásúil leis na treoirlínte maidir le comharthaíocht do chonairí rothaíochta sléibhe**

***7.3.1.1 Rothaíocht Sléibhe - Painéil Eolais i dTús na Conaire***

Ba cheart painéil eolais i dTús na Conaire a shocrú in áit ionas gur gá don rannpháirtí dul thar an eolas sular féidir leo dul isteach chun na conaire féin. An chúis atá leis sin ná go mbeidh an rannpháirtí in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire ag brath ar aclaíocht agus cumas an duine agus ar an trealamh atá leis.

Má bhíonn níos mó ná cineál amháin conaire le fáil i dtús conaire, dea-chleachtas atá ann ná an t-eolas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoi leith a dheighilt óna chéile, mar shampla painéal amháin do chonair rothaíochta sléibhe agus painéal eile do chonair coise.

Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a chur ar an bpainéal eolais i dtús conaire ar chonairí rothaíochta sléibhe:


- Léarscáil – léarscáil nó cairt atá suas chun dáta agus na nithe seo a leanas go soiléir uirthi
  - Eochair shoiléir le haghaidh na siombailí
  - Scála achair
  - Snáthaid ó thuaidh
  - An chonair iomlán
  - An nod a deir 'Tá tú Anseo'

- Tús agus Deireadh
- Na pointí rochtana sonraithe ar fad (más cuí)
- An áit a bhfuil bacainní, guaiseacha nó méadú ar an deacracht

- Cur síos ar an gconair agus Grádú
  - **Éigeantach**
    - Ainm na Conaire
    - Ainm an ghrádaithe a bhaineann le gach conair
    - Grádú: Cruthanna agus Dathanna
    - Fad na conaire i gciliméadair
    - Forléargas ar an nGrádú
    - Uimhir theagmhála na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112)
    - Na Prionsabail maidir le Gan Lorg a Fhágáil – nó aon treoir láidir chuí eile
  - **Roghnach**
    - Modh éigin chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí – foirm ar líne / ríomhphost / uimhir fóin
    - URL gréasáin nó cód QR – chun nasc a thabhairt chuig eolas réamhchuairte



## Sampla de Phainéal Eolais i dTús Conaire Rothaíochta Sléibhe




**General warning**


Additional safety information (e.g. cycle code)

**MANDATORY trail descriptions** include:
- Grading names.
- Shapes & colours.

Ungraded features such as pump tracks can be listed separately.

**MANDATORY grading overview** includes:
- Grading names and text.
- Shapes & colours.

**Léiriú Samplach den Ghrádú**[24]




tag.[27]

### *7.3.1.2 Rothaíocht Sléibhe – Comharthaíocht ar an gConair*

Tá trí réimse i gceist le comharthaíocht Rothaíochta Sléibhe ar an gconair:

- Tús Conaire agus Pointí Rochtana Tábhachtacha
- Rabhaidh maidir le 'Ceann Gráid' agus guaiseacha
- Comharthaí bealaigh

### Tús Conaire agus Pointí Rochtana Tábhachtacha

Tá comharthaíocht maidir le tús conaire agus pointí rochtana tábhachtacha riachtanach ag pointe ar bith a thagann athrú ar an ngrádú, mar shampla conair dhearg ag imeacht ar idirthuras de bhóthar foraoise. Is gá an té a úsáideann an chonair a chur ar an eolas faoin athrú ar an ngrád. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- An oirfidh an chonair seo duitse?
- Grádú - Ainmneacha agus Téacs
- Cruthanna agus Dathanna
- Rabhadh Ginearálta

### Sampla de chomhartha i dTús Conaire





27 Tá na comhlachtaí poiblí is mó atá freagrach as conairí rothaíochta sléibhe a fhorbairt sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh forbairt a dhéanamh ar na hainmneacha grádaithe thuas agus tá cead tugtha acu iad a fhoilsiú anseo. Tá grádú eile ann atá chomh dúshlánach le Dubh (Dian) agus Dubh dúbailte (An-dian ar fad), ach tá socrú déanta ag Spórt Éireann nach bhfuil na cineálacha sin conaire fóirsteanach lena gcur san áireamh i gClár na gConairí Náisiúnta.

## Rabhaidh maidir le 'Ceann Gráid' agus guaiseacha


***Is gá comharthaí rabhaidh 'Ceann Gráid'*** a úsáid i gcás gnéithe eisceachtúla a bhfuil leibhéal ard riosca / scile ag baint leo i gcomparáid leis an ngrád atá i gceist

Ba cheart ***Rabhaidh Roghnacha maidir le Guaiseacha*** a úsáid i gcás gnéithe a bhainfeadh preab as duine nó atá neamhghnách ar bhealach éigin.
(Nóta: clúdaíonn an grádú na gnéithe ar fad atá mar chuid de chonair, mar sin níor chóir iad seo a úsáid ach má bhíonn fíorghá leo, ar aon dul leis an dóigh a n-úsáidtear comharthaí rabhaidh ar bhóithre poiblí).

**Sampla de Chomharthaíocht Éigeantach chun Ceann Gráid a léiriú**





**Samplaí de Rabhaidh Roghnacha maidir le Guais**



### Comharthaí bealaigh

Ba chóir comharthaí bealaigh a úsáid ionas go mbeidh úsáideoirí conaire in ann imeacht leo ar an gconair gan léarscáil a úsáid. Úsáidfear marcanna slí de ghnáth le rothaithe a threorú feadh bóithre foraoise agus iad ar an tslí go dtí an chéad stráice eile atá dírithe go sonrach ar rothaíocht sléibhe.

**Marcanna Slí samplacha**




- Ba chóir marcanna slí/comharthaí soiléire follasacha a chur i dtús conaire chun bealach na conaire/na gconairí a léiriú.
- Má bhíonn aon acomhal ar bhealach, nó más rud é go bhfuil baol ann go n-imeoidh an t-úsáideoir ón mbealach, caithfear marcanna bealaigh/comharthaíocht a sholáthar.
- Caithfear marcanna slí/cuaillí eolais a bheith socraithe go daingean agus mar is ceart ag aon acomhal mar sin agus dírithe go soiléir ar threo an taistil.
- Caithfidh marcanna bealaigh/cuaillí eolais a bheith glan, iad le feiceáil go soiléir ag rothaí a bheadh ag teacht ina dtreo agus saor ó fhásra ina fhásach. I gcás bealach atá beartaithe don taisteal sa dá threo, caithfidh na marcanna bealaigh/cuaillí eolais a bheith le feiceáil go soiléir ón dá threo.
- Is gá an dearadh céanna a úsáid do mharcanna bealaigh/cuaillí eolais agus caighdeán marcála céanna a úsáid go leanúnach feadh an bhealaigh ina iomláine.
- Má bhíonn níos mó ná bealach amháin ann sa limistéar céanna, is gá marcanna bealaigh/cuaillí eolais a dhathú nó a uimhriú i gcás gach bealaigh ionas go mbeifear in ann gach bealach a aithint go soiléir agus a leanúint.
- Má bhíonn aon mhalairt slí ann ar an mbealach, ní mór marcanna/comharthaí soiléire a chur ar fáil lena léiriú.

## 7.4 Rothaíocht Sléibhe – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)

Má dhéanann conair na gnéithe go léir a luaitear sna critéir a chomhlíonadh, dea-eispéireas áineasa taobh amuigh a bheidh ann don úsáideoir deiridh. Ar an lámh eile, más mian le forbróirí conaire an chonair Rothaíochta Sléibhe a chur san áireamh i bpunann níos leithne d'áiteanna turasóireachta, ba chóir iarracht a dhéanamh na critéir a bhaineann le 'Conair Rothaíochta Plus' a bhaint amach. Tá siad seo roghnach agus níl siad mar chuid den phróiseas measúnaithe do Chlár Náisiúnta na gConairí.

### 7.4.1 Leithris agus Áiseanna Gléasta

**Tá leithris ar fáil cóngarach do thús na siúlóide**

Ba chóir leithris agus áiseanna gléasta a chur ar fáil don phobal gar do thús conairí.

Socrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá sa leithreas múirínithe. Tá costais tógála níos lú ag baint leis ó thaobh cumhachta agus cóireáil eisiltigh de. Mar sin féin, is gá a bheith cúramach ó thaobh áit a gcuirtear iad agus is gá iad a bhainistiú uaireanta, go háirithe i gcodanna den chonair a úsáidtear go mór.

### 7.4.2 Bialanna agus Taitneamhachtaí

**Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus / nó ó na conairí féin**

Ba cheart go mbeadh teacht go furasta ag cuairteoirí ar bhialanna, i dtús conairí más féidir. Ba chóir iad a chur ar fáil taobh istigh d'achar gairid siúil ar a laghad ar bith. Ba cheart iad seo a shonrú go soiléir mar chuid den eolas do chuairteoirí.
Tá seans ann gurbh fhearr roghanna taistil lónadóireachta a chur ar fáil má bhíonn tús na conaire faoin tuath, ach ba chóir an timpeallacht a chur san áireamh lena leithéid.

### 7.4.3 Rothair ar cíos

**Is féidir rothair a fháil ar cíos**

Ba chóir rothair a bheith ar fáil ar cíos a bheadh fóirsteanach do ghrádú na conaire. Mar shampla, i gcás láithreáin a chuireann leibhéal Glas (Conairí Éasca) ar fáil, ba chóir rothair a chur ar fáil a bheadh ag teacht leis an ngrádú sin.



# 8 Ar an mBóthar

## 8.1 Rothaíocht ar an mBóthar

**Tá seans níos mó ann go dtarraingeoidh conairí rothaíochta atá saor ó thrácht líon níos airde úsáideoirí agus réimse níos leithne cumais acu. Mar sin féin, ba chóir bealaí rothaíochta a fhorbairt chun úsáid a bhaint as an líonra mór bóithre áitiúla in Éirinn (thart ar 80,000km, sin 80% dár líonra bóithre[28])**

Tá critéir á gcur ar fáil mar sin do bhealaí rothaíochta áineasa ar an mbóthar mar sin [29] a bhaineann leas as bonneagar bóthair atá ann cheana féin agus gan mórán de le cur in oiriúint don chúis. Bítear dírithe ar an mbealach a phleanáil agus an meascán cuí de mhéid tráchta agus luas tráchta ann le go mbeidh am pléisiúrtha fóillíochta ag rothaithe cumasacha (is iad sin na rothaithe a bhfuil taithí acu ar an rothaíocht ar bhóithre poiblí). Ní chlúdaítear bóithre spáis roinnte sna critéir seo, áit a dtugtar tús áite to rothaithe, ach tuigtear go bhfuil plé ar bun ar threoir a bhaineann lena leithéid.

## 8.2 Ar an mBóthar – Dearadh Bealaigh agus Bonneagar

### 8.2.1 Ar an mBóthar – Grádú Bealaigh

**Tá an grádú mar chonair ar an mbóthar bunaithe ar mheasúnú cruinn**

Chun críocha na gcritéar seo, agus bealaí ar an mbóthar á n-aicmiú, titeann siad i gceann amháin as ceithre fhochatagóir ina ndéantar an méid tráchta, luas tráchta, ardú agus achar a mheas.

28 Oifig Bainistíochta Bóithre
29 Ós rud é go mbeifear ag rothaíocht ar bhóithre poiblí, úsáidtear an téarma bealaí seachas conairí.

| Grád | Ionchas |
|---|---|
| Éasca | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta [30] a bhfuil méid agus luas tráchta cuí orthu.<br><br>Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Ardú agus fánaí éasca – an t-ardú iomlán 200m ar a mhéad<br><br>Fad 10km ar a mhéad |
| Measartha | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear stráicí gairide de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid agus luas tráchta cuí orthu.<br><br>Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Ardú agus fánaí éasca – an t-ardú iomlán 500m ar a mhéad.<br><br>Fad 15km ar a mhéad |
| Dúshlánach | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear bóithre náisiúnta áirithe, a bhfuil méid agus luas tráchta cuí orthu. Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br><br>Meascán de dhreapadh géar agus fánaí géara – an dreapadh iomlán 1000m ar a mhéad.<br><br>Fad 15km ar a laghad |
| Iontach Dúshlánach | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear bóithre náisiúnta áirithe, a bhfuil méid agus luas tráchta cuí orthu. Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br><br>Meascán de dhreapadh géar agus fánaí géara – gan aon teorainn leis an dreapadh iomlán.<br><br>Fad 25km ar a laghad |

Tá tuilleadh sonraí thíos sna sonraíochtaí teicniúla.



<table>
<tr><th colspan="2">ÉASCA</th></tr>
<tr><td>Oiriúnach do</td><td>Rannpháirtithe:<br>• a bhfuil leibhéal réasúnta aclaíochta acu agus an cumas acu smacht a choinneáil ar rothar<br>• a bhfuil muinín acu as bheith ag rothaíocht ar bhóithre a bhfuil méid íseal tráchta orthu</td></tr>
<tr><td>Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir</td><td>Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid íseal agus luas íseal tráchta orthu.<br>Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Ardú agus fánaí éasca – an t-ardú iomlán 200m ar a mhéad</td></tr>
<tr><th colspan="2">Aicmiú le haghaidh Forbróirí bealaí</th></tr>
<tr><td>Dromchla</td><td>Asfalt nó tarmac – seans go mbeidh lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.</td></tr>
<tr><td>Catagóir an bhóthair</td><td>Táthar ag díriú ar bhealaí a phleanáil feadh bóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is féidir stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid an-íseal tráchta orthu a úsáid chun nasc a thabhairt idir bóithre atá níos ciúine. Féach Catagóir an Tráchta.</td></tr>
<tr><td>Catagóir an Tráchta</td><td><table><tr><th>AN-ÍSEAL</th><th>ÍSEAL</th><th>MEASARTHA</th><th>ARD</th><th>AN-ARD</th></tr><tr><td>Teorainn ar Bith</td><td>50% ar a mhéad</td><td>1% ar a mhéad</td><td>Neamhcheadaithe</td><td>Neamhcheadaithe</td></tr></table>Féach cuid 8.2.2 le treoir a fháil.</td></tr>
<tr><td>Grádán</td><td>Meánghrádán Uasta nach mó ná 3%<br>Grádán Uasta iomlán de 5% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 30m.</td></tr>
<tr><td>Comharthaíocht</td><td>Riachtanach – Féach Cuid 8.3.2</td></tr>
<tr><td>Fad</td><td>10km ar a mhéad.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="2">MEASARTHA</th></tr>
<tr><td>Oiriúnach do</td><td>Rannpháirtithe:<br>• a bhfuil leibhéal réasúnta aclaíochta acu agus an cumas acu smacht a choinneáil ar rothar<br>• a bhfuil muinín acu as bheith ag rothaíocht ar bhóithre a bhfuil méid íseal tráchta orthu</td></tr>
<tr><td>Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir</td><td>Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear stráicí gairide de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid agus luas measartha tráchta orthu.<br>Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Ardú agus fánaí éasca – an t-ardú iomlán 500m ar a mhéad.</td></tr>
<tr><th colspan="2">Aicmiú le haghaidh Forbróirí bealaí</th></tr>
<tr><td>Dromchla</td><td>Asfalt nó tarmac – seans go mbeidh lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.</td></tr>
<tr><td>Catagóir an bhóthair</td><td>Táthar ag díriú ar bhealaí a phleanáil feadh bóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is féidir stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid íseal tráchta orthu a úsáid chun nasc a thabhairt idir bóithre atá níos ciúine. Féach Catagóir an Tráchta.</td></tr>
<tr><td>Catagóir an Tráchta</td><td><table><tr><th>AN-ÍSEAL</th><th>ÍSEAL</th><th>MEASARTHA</th><th>ARD</th><th>AN-ARD</th></tr><tr><td>Teorainn ar Bith</td><td>Teorainn ar Bith</td><td>50% ar a mhéad</td><td>1% ar a mhéad</td><td>Neamhcheadaithe</td></tr></table>Féach cuid 8.2.2 le treoir a fháil.</td></tr>
<tr><td>Grádán</td><td>Meánghrádán uasta nach mó ná 5%<br>Grádán Uasta iomlán de 10% ar a mhéad ar achar nach faide é ná 50m.</td></tr>
<tr><td>Comharthaíocht</td><td>Riachtanach – Féach Cuid 8.3.2</td></tr>
<tr><td>Fad</td><td>15km ar a mhéad. 5km go 10km mar threoir</td></tr>
</table>

30 Tá achoimre ar aicmiú bóithre in Éirinn mar chuid den Ghluais in Aguisín E.

## DÚSHLÁNACH

| | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Rannpháirtithe:<br>• a bhfuil leibhéal réasúnta ard aclaíochta acu agus an cumas acu smacht a choinneáil ar rothar<br>• a bhfuil muinín acu as bheith ag rothaíocht ar bhóithre a bhfuil méid ard tráchta orthu<br>• a bhfuil fonn orthu tabhairt faoi dhúshlán coirp dhá uair an chloig ar a laghad – go minic mar chuid de chlub rothaíochta nó grúpa neamhfhoirmiúil<br>• atá in ann léarscáil nó teicneolaíocht nascleanúna a úsáid lena mbealach a dhéanamh |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear bóithre náisiúnta áirithe, a bhfuil méid ard agus luas ard tráchta orthu. Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Meascán de dhreapadh géar agus fánaí géara – an dreapadh iomlán 1000m ar a mhéad. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí bealaí** | |
| **Dromchla** | Asfalt nó tarmac – seans go mbeidh lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint. |
| **Catagóir an bhóthair** | Táthar ag díriú ar bhealaí a phleanáil feadh bóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is féidir stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid ard tráchta orthu a úsáid chun nasc a thabhairt idir bóithre atá níos ciúine. Féach Catagóir an Tráchta. |
| **Catagóir an Tráchta** | AN-ÍSEAL: Teorainn ar Bith; ÍSEAL: Teorainn ar Bith; MEASARTHA: Teorainn ar Bith; ARD: 50% ar a mhéad; AN-ARD: 1% ar a mhéad<br>Féach cuid 8.2.2 le treoir a fháil. |
| **Grádán** | Meánghrádán Uasta nach mó ná 6%<br>Grádán Uasta iomlán nach mó ná 20% |
| **Comharthaíocht** | Riachtanach – Féach Cuid 8.3.2 |
| **Fad** | 15km ar a laghad. 15km - 50km mar threoir |

| AN-ÍSEAL | ÍSEAL | MEASARTHA | ARD | AN-ARD |
|---|---|---|---|---|
| Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | 50% ar a mhéad | 1% ar a mhéad |

## IONTACH DÚSHLÁNACH

| | |
|---|---|
| Oiriúnach do | Rannpháirtithe:<br>• a bhfuil leibhéal ard aclaíochta acu agus an cumas acu smacht a choinneáil ar rothar<br>• a bhfuil muinín acu as bheith ag rothaíocht ar bhóithre a bhfuil méid ard tráchta orthu<br>• a bhfuil fonn orthu tabhairt faoi dhúshlán coirp dhá uair an chloig ar a laghad – go minic mar chuid de chlub rothaíochta nó grúpa neamhfhoirmiúil<br>• atá in ann léarscáil nó teicneolaíocht nascleanúna a úsáid lena mbealach a dhéanamh |
| Cur Síos Gráid do Gach Úsáideoir | Meascán de bhóithre poiblí, bóithre áitiúla nó réigiúnacha den chuid is mó, lena n-áirítear bóithre náisiúnta áirithe, a bhfuil méid ard agus luas ard tráchta orthu. Dromchla asfailt, seans go bhfuil lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint.<br>Meascán de dhreapadh géar agus fánaí géara – gan aon teorainn leis an dreapadh iomlán. |
| **Aicmiú le haghaidh Forbróirí bealaí** | |
| **Dromchla** | Asfalt nó tarmac – seans go mbeidh lochtanna agus sclaigeanna ann ar féidir iad a sheachaint. Níl aon spallaí ann. |
| **Catagóir an bhóthair** | Táthar ag díriú ar bhealaí a phleanáil feadh bóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is féidir stráicí an-ghairid de bhóithre náisiúnta a bhfuil méid ard tráchta orthu a úsáid chun nasc a thabhairt idir bóithre atá níos ciúine. Féach Catagóir an Tráchta. |
| **Catagóir an Tráchta** | AN-ÍSEAL: Teorainn ar Bith; ÍSEAL: Teorainn ar Bith; MEASARTHA: Teorainn ar Bith; ARD: 50% ar a mhéad; AN-ARD: 1% ar a mhéad<br>Féach cuid 8.2.2 le treoir a fháil. |
| **Grádán** | Meánghrádán Uasta nach mó ná 9%<br>Grádán Uasta iomlán nach mó ná 20% |
| **Comharthaíocht** | Riachtanach – Féach Cuid 8.3.2 |
| **Fad** | 25km ar a laghad. 25km - 80km mar threoir |

### 8.2.2 Ar an mBóthar – Catagóir an Tráchta

An ghné de bhealach ar an mbóthar is cosúla le dul i bhfeidhm ar thaithí agus sásamh an úsáideora ná 'catagóir an tráchta' – a ríomhtar trí bhíthin **méid tráchta** a chur le **luas tráchta** – mar atá sa tábla thíos. Tá an treoir sa doiciméad seo a bhaineann le 'catagóir an tráchta' bunaithe ar an doiciméad Caighdeáin Deimhniúcháin Eorpacha do bhealaí EuroVelo, arna fhoilsiú ag an gCónaidhm Eorpach Rothaithe (ECF).

**An Méid Tráchta**
Is é atá i gceist leis an méid tráchta ná an líon feithiclí a théann ar an mbealach. Agus an méid tráchta á ríomh, ba cheart an bealach a roinnt ina stráicí. [31] Chun an méid tráchta ar stráice a mheas, is féidir cuntas a dhéanamh ar an líon feithiclí mótaraithe a théann sa dá threo thar bhráid pointe sainithe ar feadh deich nóiméad. Má bhíonn an t-am ann agus le cruinneas níos fearr a bhaint amach, is féidir leanúint ar aghaidh leis an gcuntas chomh fada le huair an chloig.

Léirítear sa tábla seo a leanas an méid tráchta á léiriú in aonaid sa lá, a mheasfar ó cuntas uair an chloig nó cuntas 10 nóiméad.

| Aonaid sa lá | Aonaid in uair an chloig | Aonaid i ndeich nóiméad |
|---|---|---|
| Saor ó charranna | Ceann ar bith | Ceann ar bith |
| 500 | 36 | 6 |
| 2000 | 144 | 24 |
| 4000 | 288 | 48 |
| 10000 | 720 | 120 |

**Luas Tráchta**
Cé go n-úsáidtear modheolaíocht ECF agus 'catagóir an tráchta' á socrú sa doiciméad seo, tá leasú déanta ar an gcur chuige a mholtar chun luas an tráchta a ríomh.
Seachas luasteorainn rialála an bhóthair a úsáid, mar a mholann an ECF, is éard a mholtar sa doiciméad seo go n-úsáidfear an feidhmchlár aimsithe bealaigh i léarscáileanna Google (nó a leithéid) leis an luasteorainn a fháil amach. Is féidir an feidhmchlár seo a úsáid chun an t-am measta a ríomh a thógfaidh sé ar charr achar áirithe a thaisteal idir dhá phointe ar an mbealach atá mar chéim den bhealach. Agus an t-eolas sin ann, is féidir an meánluas atá ag trácht mótair ar an gcéim sin a ríomh.[32]

**Catagóir an Tráchta**
B'fhearr measúnú bealaigh a dhéanamh le linn an phríomhshéasúir rothaíochta idir Márta agus Meán Fómhair chun méid tráchta agus luas tráchta a ríomh.

Nuair a bheidh an méid tráchta agus an luas tráchta ar eolas, beifear in ann an tábla thíos a úsáid chun 'catagóir an tráchta' a shocrú do na céimeanna den bhealach. Is féidir fad na gcéimeanna ar an mbealach a úsáid chun an céatadán den bhealach iomlán atá taobh istigh de gach catagóir tráchta a dhéanamh amach. Ansin, is féidir an Tábla Grádaithe thíos a úsáid chun cinneadh a dhéanamh an mbeidh an bealach ag baint le ceann de na gráid atá leagtha agus, más rud é go mbeidh, cén ceann acu.

---

31 Is éard atá i gceist le céim den bhealach ná cuid den bhealach ina bhfuil cosúlacht le brath sa sruth tráchta agus sa luas tráchta feadh na céime sin. Is gnách go mbeidh athrú ar stráice bóthair nuair a dhéantar athrú ar aicmiú bóthair agus/nó nuair a théann an bealach ar bhóthar difriúil nó nuair a fhágann an bealach an bóthar reatha agus má bhíonn ardú ar an líon tráchta agus/nó ar an luas (fiú mura mbíonn athrú ar an aicmiú bóthair). Agus céimeanna cuí á socrú, ba chóir dul ag rothaíocht ar an mbealach agus cinntí a dhéanamh bunaithe ar na critéir a thugtar sa pharagraf seo.

32 Leis an eolas seo a dhéanamh amach, úsáidtear na sonraí maidir le meán-am/meánluas atá á stóráilte san fheidhmchlár Google Maps (nó a chomhionann). Úsáideann an feidhmchlár seo sonraí fíor-ama fosta, áfach, agus má úsáidtear é don chúis seo ag amanna a bhfuil an trácht ag bogadh go mall ann (mar shampla na buaicuaireanta ar maidin agus tráthnóna), beidh an meánluas tuartha níos moille ná mar is gnách. Má táthar lena leithéid de chás a sheachaint, ní mór an meánluas a mheas ag am nuair a bheidh gnáthshruth tráchta ann.

| | | Luasteorainn km/u | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | < 30[33] | 31 – 50 | 51 – 80 | > 80[34] |
| **Trácht iomlán - aonaid /lá** | 1 – 500 | An-Íseal | An-Íseal | An-Íseal | Íseal |
| | 501 – 2000 | An-Íseal | Íseal | Íseal | Measartha |
| | 200 – 4000 | Íseal | Measartha | Measartha | Ard |
| | 4001 – 10,000 | Measartha | Ard | Ard | An-Ard |
| | 10,000 < | Measartha | An-Ard | An-Ard | An-Ard |

**Tábla chun Bealach a Ghrádú**

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar an dóigh a gcuirtear é seo i bhfeidhm ar na Catagóirí de Bhealaí Rothaíochta ar an mBóthar. Tábhachtach - baineann an céatadán leis an mbealach iomlán.

| | An-Íseal | Íseal | Measartha | Ard | An-Ard |
|---|---|---|---|---|---|
| **Éasca** | Teorainn ar Bith | 50% ar a mhéad | 1% ar a mhéad | Neamhcheadaithe | Neamhcheadaithe |
| **Measartha** | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | 50% ar a mhéad | 1% ar a mhéad | Neamhcheadaithe |
| **Dúshlánach** | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | 50% ar a mhéad | 1% ar a mhéad |
| **Iontach Dúshlánach** | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | Teorainn ar Bith | 50% ar a mhéad | 1% ar a mhéad |

### 8.2.3 Ar an mBóthar – Bonneagar

**Tá neart spásanna sa charrchlós ag Tús na Conaire**

Ba chóir go mbeadh páirceáil easbhóthair (ar shiúl ón mbóthar poiblí) le fáil i dtús conaire sainithe a bheidh in ann freastal ar an líon cuairteoirí a rachaidh chuig an láithreán. Tá seans ann go dtabharfar níos mó ná áit amháin mar thús conaire ag brath ar chomh fada atá na bealaí. Is minic a úsáideann clubanna rothaíochta nó grúpaí neamhfhoirmiúla na háiteanna sin mar áiteanna tionóil.

Ba chóir tús conairí a léiriú go soiléir agus painéal eolas i dtús conaire a chur ar fáil – féach cuid 8.3

Samplaí de roghanna breise neamhriachtanacha:

- Racaí Rothar
- Leithris
- Rothair ar cíos

## 8.3 Ar an mBóthar – Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

**Tá an múnla don eolas do chuairteoirí agus don chomharthaíocht curtha i gcrích go sásúil**

Tugtar achoimre in Aguisín D ar an múnla le haghaidh eolas do chuairteoirí agus comharthaí. Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar an dóigh a gcuirtear é seo i bhfeidhm ar bhealaí atá ar an mbóthar.

33 30km/h or less
34 Greater than 80 km/h

| Céim | Foinse |
|---|---|
| Eolas Réamhchuairte | Aguisín D.1 |
| Treochomharthaí Bóthair | Cuid 8.3.1 |
| Aitheantóir Thús na Siúlóide | Aguisín D.3 |
| Painéil Eolais i dTús na Conaire | Aguisín D.4 |
| Comharthaíocht ar an gconair | Cuid 8.3.2 |
| Athbhreithniú i ndiaidh Cuairte | Aguisín D.6 |

#### 8.3.1 Ar an mbóthar - comharthaí treoracha bóthair chun na conaire

Ní theastaíonn treoracha chuig na príomhbhealaí isteach chuig conairí mar go bhféadfadh a leithéid mearbhall a chur ar dhaoine taobh leis na comharthaí ar an mbealach.

#### 8.3.2 Ar an mBóthar – Comharthaíocht ar an gConair

Ní mór don chomharthaíocht ar an mbealach cloí leis na caighdeáin sa Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta Caibidil 4 – Comharthaí Eolais eile agus Caibidil 6 - Comharthaí Rabhaidh

Tá treochomharthaíocht ar an mbealach riachtanach ar bhealaí 'Éasca' agus 'Measartha', ach roghnach ar bhealaí atá 'Dúshlánach' nó 'An-Dúshlánach'.

I gcás bealaí atá Dúshlánach nó An-Dúshlánach, caithfear acmhainn ar líne a chur ar fáil leo ionas go mbeidh rothaithe in ann an bealach a aimsiú agus a leanúint. Ba chóir go mbeadh sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin fhorbróir an bhealaigh, chomh maith le comhad GPX den bhealach ar féidir é a íoslódáil, agus tacaíocht le fáil ó cheann acu seo: Google Maps, Strava, Komoot, Map My Ride etc.

## 8.4 Ar an mBóthar – Eispéireas Conaire (Conair Rothaíochta Plus amháin)

Má dhéanann bealach na gnéithe go léir a luaitear sna critéir a chomhlíonadh, dea-eispéireas áineasa taobh amuigh a bheidh ann don úsáideoir deiridh. Ar an lámh eile, más mian le forbróirí bealaigh an bealach a chur san áireamh i bpunann níos leithne d'áiteanna turasóireachta, ba chóir iarracht a dhéanamh na critéir a bhaineann le 'Conair Rothaíochta Plus' a bhaint amach. Tá siad seo roghnach agus níl siad mar chuid den phróiseas measúnaithe do Chlár Náisiúnta na gConairí.

#### 8.4.1.1 Leithris agus Áiseanna Gléasta

**Tá leithris ar fáil cóngarach do thús na siúlóide**

Ba chóir leithris agus áiseanna gléasta a chur ar fáil don phobal gar do thús conairí.

Socrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá sa leithreas múirínithe. Tá costais tógála níos lú ag baint leis ó thaobh cumhachta agus cóireáil eisiltigh de. Mar sin féin, is gá a bheith cúramach ó thaobh áit a gcuirtear iad agus is gá iad a bhainistiú uaireanta, go háirithe i gcodanna den chonair a úsáidtear go mór.

#### 8.4.1.2 Bialanna agus Taitneamhachtaí

**Tá teacht go furasta le fáil ar roghanna bia agus dí ó thús conairí agus / nó ó na conairí féin**

Ba cheart go mbeadh teacht go furasta ag cuairteoirí ar bhialanna, i dtús conairí más féidir. Ba chóir iad a chur ar fáil taobh istigh d'achar gairid siúil ar a laghad ar bith. Ba cheart iad seo a shonrú go soiléir mar chuid den eolas do chuairteoirí.
Tá seans ann gurbh fhearr roghanna taistil lónadóireachta a chur ar fáil má bhíonn tús na conaire faoin tuath, ach ba chóir an timpeallacht a chur san áireamh lena leithéid.



9

# EUROVELO

**Is é is EuroVelo ann ná líonra rotharbhealaí na hEorpa. Mar chuid den líonra tá 17 gcinn de rotharbhealaí a théann trí 42 tír agus a dhéanann iad a nascadh. Tá an líonra á chomhordú ag an gCónaidhm Eorpach Rothaithe [35] i gcomhar le na tíortha éagsúla trína dtéann an bealach. Déanann gach tír forbairt ar an stráice den bhealach atá ina dtír féin.**

Cuimsíonn EuroVelo in Éirinn EuroVelo 1 – Bealach Chósta an Atlantaigh agus EuroVelo 2 – Bealach na bPríomhchathracha a mheascann glasbhealaí, bóithre ciúine agus, in áiteanna áirithe, codanna de bhealaí rothaíochta áitiúla a bhfuil comharthaí orthu.
Tá obair ar bun chun forbairt a dhéanamh ar stráicí nua a bheidh saor ó thrácht, stráicí reatha atá saor ó thrácht a fheabhsú, stráicí reatha ar an mbóthar a fheabhsú trí bhíthin iad a atreorú chuig stráicí atá saor ó thrácht nó codanna eile den bhóthar a bheadh níos oiriúnaí.

Critéir a bhaineann le bealaí EuroVelo – Agus an obair seo ar bun, caithfear cloí leis na Critéir Cháilíochta ar chaighdeán chun Deimhniú Eorpach a fháil le haghaidh bealaí rothaíochta fada. I gcásanna áirithe, áfach, géilleann siad do chritéir nó caighdeáin náisiúnta. Mar sin, ba chóir d'fhorbróirí féachaint orthu seo:
- Cuid 5: Glasbhealaí
- Cuid 6: Conair Easbhóthair- Saor ó Thrácht

35 Scáth-chónaidhm atá sa Chónaidhm Eorpach Rothaithe d'eagraíochtaí náisiúnta rothaíochta a chuireann chun cinn an rothaíocht go ginearálta chomh maith le polasaithe chun méadú a bhaint amach ar chion módach na rothaíochta. Tá 81 balleagraíocht sa Chónaidhm a dhéanann ionadaíocht ar 45 tír ar fud an domhain.



# Aguisíní

# Aguisín A:
# Dliteanas Áititheoirí

**Forléargas**

San Acht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995 ("Acht 1995"), tugtar aghaidh ar risíocht dhlíthiúil úinéirí talún agus áititheoirí i ndáil le héilimh ag eascairt ó dhíobhálacha do chineálacha difriúla úsáideoirí ar áitreabh agus an dualgas ar áititheoirí cúram a ghlacadh i leith na n-úsáideoirí sin.

In Alt 1 in Acht 1995, deimhnítear go sonrach go bhfolaíonn áitreabh talamh, uisce agus aon déanmhais dhochta nó shochorraithe air, agus is é an sainmhíniú a thugtar ar áititheoir ná *"duine a fheidhmíonn rialú ar riocht an áitribh ionas gur réasúnach dualgas a fhorchur ar an duine sin maidir le hiontrálaí i leith contúirte áirithe san áitreabh"*.

Tá fairsinge an dualgais cúraim atá ar gach áititheoir i leith úsáideoirí ag brath ar an smacht atá ag an áititheoir ar an áitreabh, na contúirtí atá le fáil ar an áitreabh, agus aicmiú an chuairteora: (i) cuairteoir (ii) úsáideoir áineasa (iii) treaspásóir.

I gcás conairí rothaíochta, is é bainisteoir na conaire, mar shampla an t-údarás áitiúil, go hiondúil a bheidh san áititheoir/úinéir talún agus táthar nach mór cinnte go ndéanfar úsáideoirí a aicmiú mar *"úsáideoirí áineasa"*.

I gcás go bhfuil réadmhaoin úinéirí talún/áititheoirí eile mar chuid de chonair rothaíochta, caithfidh an forbróir/bainisteoir socruithe cuí a dhéanamh leis an té sin, slánaíocht faoi árachas an fhorbróra ar cheann acu.

**An dualgas atá ag dul d'úsáideoirí áineasa**

Is éard is úsáideoir áineasa ann, chun críocha Acht 1995, duine atá i láthair in áitreabh, le cead an áititheora nó gan cead an áititheora nó ar chuireadh intuigthe a fháil ón áititheoir, chun gabháil do ghníomhaíocht áineasa, cuir i gcás rothaíocht, etc., gan táille a bheith forchurtha.

Tá an dualgas cúraim atá dlite d'úsáideoir ar leibhéal níos ísle ná mar atá dlite do chuairteoir ach ar leibhéal níos airde mar atá dlite do threaspásóir. Go háirithe, ceanglaíonn alt 4 d'Achtanna 1995 ar áititheoir gan "díobháil a dhéanamh d'aon turas" agus "gan neamhaird a thabhairt go meargánta" don úsáideoir áineasa. In ainneoin nach bhfuil sainmhíniú foirmiúil tugtha ar "neamhaird mheargánta", tugtar tosca áirithe in Acht 1995 ar gá iad a mheas agus cinneadh á dhéanamh faoina bhfuil an t-áititheoir ag léiriú "neamhaird mheargánta" sna dálaí faoi leith.

Tá tosca ábhartha bunaithe den chuid is mó ar an eolas atá ag an áititheoir i dtaca leis na contúirtí a bhaineann leis an áitreabh agus na cineálacha cosanta réasúnta ar chóir don áititheoir iad a chur i fáil. Ba cheart aird a thabhairt ar an deacracht, costas agus dodhéantacht a bhainfeadh leis na cineálacha cosanta sin a shocrú.

Tosca an-ábhartha eile i gcomhthéacs conairí rothaíochta ná tréithe an áitribh ó thaobh gníomhaíocht áineasa de, go mbeifí ag iarraidh cloí le traidisiún fáilte oscailte, chomh maith le foláirimh ón áititheoir agus an cúram réasúnta a bheadh le léiriú ag an úsáideoir áineasa.

Maidir leis an dualgas atá ar áititheoirí i leith úsáideoirí, réimse é sin atá tagtha chun dlí go minic. Is léir nach luíonn na cúirteanna ualach róthrom ar áititheoirí nuair is úsáideoirí áineasa atá i gceist, go háirithe má úsáidtear an-úsáid áineasa ar bhonn sóisialta as an áit agus más léir an riosca atá ann d'úsáideoirí.


**Conclúid**
Ós rud é go bhfuil an áisiúlacht shóisialta agus na contúirtí a bhaineann le gníomhaíochtaí rothaíochta áineasa réasúnta soiléir agus follasach, tá sé réasúnta le bheith ag súil le go mbeidh úsáideoirí áineasa cúramach sa chomhthéacs sin go háirithe. Maidir leis an dualgas cúraim atá ar áititheoirí ó thaobh úsáideoirí áineasa de i gcomhthéacs tionscadal conaire rothaíochta, is féidir a rá nach dualgas ródhúshlánach atá i gceist.

Mar sin féin, dar ndóigh, beidh sé seo ag brath ar gach conair rothaíochta faoi bhainistíocht tabhairt faoi mheasúnú riosca agus beart rialaithe rioscaí chun bearta coisctheacha agus cosanta faoi leith a shocrú.

Ba chóir do gach forbróir conairí rothaíochta comhairle neamhspleách dlí/árachais a fháil ó dhuine cáilithe maidir lena chuid forbraíochtaí féin. Lena chois sin, tá sé riachtanach foláirimh chuí agus comhairle sábháilteachta a chur isteach go soiléir in ábhar poiblíochta, clóite agus ar líne, agus ag tús gach conaire/ag an mbealach isteach chun na Conaire Rothaíochta ionas gur lú seans go mbeidh cás dlí ann.

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Acht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995.

# Aguisín B: Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí)



# Aguisín B:
# Teimpléad Samplach don Mheasúnú Riosca

| | |
|---|---|
| **Measúnú Riosca don tSaoráid:** | |
| **Gníomhaíocht:** | |
| **Dáta:** **Suíomh:** | |
| **Daoine atá clúdaithe ag measúnú riosca:** | |
| **Curtha i gcrích ag:** | |

| **Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí – Aicmiú an Speictrim Rialaithe Rioscaí:** | | |
|---|---|---|
| Leibhéal úsáide cuairteoirí, guaise<br>An suíomh agus tír-raon | Leibhéal scil cuairteoirí,<br><br>Neamhspleáchas agus Freagracht Phearsanta | An leibhéal agus an cineál<br><br>féinbhainistíocht ag teastáil |

| **An Ghuais** | **Suíomh na Guaise** | **Cé a ndéanfaí dochar dó?** | **Leibhéal riosca** | **Rialuithe** | **Feidhmiú/ Monatóireacht** |
|---|---|---|---|---|---|
| *Níl anseo ach sampla:* | | | | | |
| *Coillearnach Íseal timpeallacht crainn leagtha, craobhacha* | *Ar na conairí* | *Úsáideoirí, baill foirne*<br><br>*agus a gcuid conraitheoirí* | | • *Leagtar crainn mharbha atá go díreach in aice leis an gconair agus déantar sábháilte iad*<br>• *Maidir le crainn atá ag dul thar an mbealach nó ina threo mar gheall ar an ngaoth, déantar iad a leagan agus déantar sábháilte iad.*<br>• *Déantar an bealach a choinneáil glan ó nithe tite, smionagar agus ábhar gearrtha.*<br>• *Iniúchtaí conaire, iniúchtaí ar chrainn atá taobh istigh de 10m ón gconair ar aon taobh*<br>• *Ní féidir ach le baill foirne oilte iniúchadh a dhéanamh*<br>• *Tuairisciú eisceachtaí ag rothaithe.* | *Ball foirne atá ainm agus oilte chun iniúchtaí a dhéanamh ar an gconair:*<br>• *Iniúchadh ó shúil gach 3 mhí, déanta agus taifeadta ag baill foirne oilte ón suíomh*<br>• *Déanann speisialtóir seachtrach cigireacht neamhspleách bhliantúil ar na crainn chomh maith le hiniúchadh ar na hiniúchtaí*<br>• *Amharcann an Bainisteoir Oibríochtaí siar ar thuairiscí ar thimpistí agus tuairiscí míosúla cigireachta agus cuirtear tuilleadh rialuithe i bhfeidhm más gá*<br>• *Eolas do chuairteoirí chun rothaithe a spreagadh le fadhbanna a thuairisciú agus an dóigh leis sin a dhéanamh* |
| | | | | | |


| | |
|---|---|
| **Measúnú ag:** | **Formheasta ag:** |
| **Sínithe:** | **Sínithe:** |
| **Dáta:** | **Dáta:** |

# Aguisín D:
# Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

**Eolas do Chuairteoirí, Comharthaíocht agus Eispéireas na Conaire – tá an cuairteoir in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire, agus an chonair a aimsiú agus a thriall go muiníneach.**

Tugann na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith ar gach conair rothaíochta forléargas ar an tslí ar féidir le gach ceann acu cloí leis an múnla thíos maidir le heolas do chuairteoirí agus comharthaíocht. Beidh riachtanais faoi leith ó thaobh comharthaíochta de ar gach cineál conaire seachas na riachtanais thíos.

An chúis atá leis an múnla thíos ná go mbeidh an cuairteoir in ann an chonair a aimsiú, rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire agus an chonair féin a thriall go muiníneach.




Tá seans ann go mbeidh cur chuige difriúil i gceist le gach cineál conaire faoi leith. Tá treoir faoi leith ag baint le cineálacha áirithe conairí ar gá cloí léi. Féach an chuid ar Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht i ngach cineál conaire chun treoir bhreise a fháil.

Ní foláir do gach comhlacht poiblí atá faoi réir Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (liosta anseo) cloí leis na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008) arna n-eisiúint faoi Alt 9(1) d'Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

I dtaca le conairí a ndéanann na comhlachtaí poiblí seo iad a fhorbairt nó a mhaoiniú, éilítear sna rialacháin gur gá comharthaíocht a chur ar an gconair go hiomlán i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge i gcomhréir le critéir faoi leith atá sna Rialacháin. Moltar do ghrúpaí eile a chuirfidh comharthaí in airde ar chonairí cloí leis na Rialacháin le go mbeidh leanúnachas ann, cé nach ceanglas dlí é sin.

Tá Treoirleabhar eisithe ag Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá seans ann go mbeidh sé sin ina chuidiú lena áirithiú go mbeidh an chomharthaíocht ag cloí leis na Rialacháin. Féadfaidh an Oifig comhairle a chur ar fáil maidir leis na Rialacháin, nó ar phrofaí deartha na gcomharthaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig sin ar eolas@coimisineir.ie nó ar 091-504006.

## D.1 Eolas Réamhchuairte

» **Ba chóir go mbeadh cuairteoirí ábalta teacht go furasta ar eolas ar líne sula dtugann siad cuair ar an gconair**

Is cinnte go mbeidh forbróir na conaire ag iarraidh eolas a chur ar fáil le cuairteoirí a mhealladh chun na conaire. Ba chóir tacú lena leithéid. Bíodh sin mar atá, an áit a bhfuil an bhéim sna critéir seo ná le bheith cinnte go bhfuil an t-eolas ar líne sásúil le go mbeidh cuairteoirí in ann rogha a dhéanamh agus go leor eolais acu faoi oiriúnacht na conaire agus go mbeidh siad in ann an turas a phleanáil go muiníneach.

Ba chóir an méid seo a leanas ar a laghad a chur san eolas réamhchuairte ar líne:

- **Treoracha** - nasc a thaispeánann túsphointe na conaire ar léarscáil ar líne atá in ann treoracha a thabhairt (Google Maps, cuir i gcás) le go mbeidh úsáideoirí féideartha in ann an chonair a aimsiú

- **Léarscáil** – Léarscáil suas chun dáta agus na nithe seo go soiléir uirthi
  - Eochair shoiléir le haghaidh na siombailí
  - Scála agus marcóir ciliméadar
  - Snáthaid ó thuaidh
  - An chonair iomlán (seans go mbeidh níos mó ná léarscáil amháin ann i gcás conairí níos faide)
  - Tús agus deireadh
  - Na pointí rochtana sonraithe ar fad (más cuí)

- **Grádú Conaire** an grádú cuí don chonair - i gcás conairí a bhfuil níos nó ná grád amháin ag baint leo ba chóir iad siúd a léiriú ar an léarscáil. Ba chóir grádú inrochtaineachta a thabhairt nuair is cuí

- **Cur síos ar an gconair** leis an eolas seo:
  - Ainm na Conaire
  - Fad na conaire i gciliméadair
  - An Fad Measta
  - Cur Síos gearr

- **Na Prionsabail maidir le Gan Lorg a Fhágáil** – nó aon treoir láidir chuí eile

- **Modh éigin chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí** – foirm ar líne / ríomhphost / uimhir fóin

- **Sonraí teagmhála faoi choinne ceisteanna** - seoladh ríomhphoist / uimhir fóin

- **Nasc chuig comhad in-íoslódáilte GPX nó ardán léarscáilithe ar líne** – go díreach ar chonairí atá ar an mbóthar

## D.2 Treochomharthaí chun na Conaire

> **Ba chóir go mbeadh an cuairteoir in ann teacht ar thús na gconairí is mó ón mbaile mór nó ó na bailte móra is cóngaraí.**

- Ba chóir treoracha chuig na príomhbhealaí isteach chuig conairí a chur ar chomharthaí feadh na Conaire Rothaíochta. Ba chóir tús a chur leis na comharthaí sa bhaile mór nó sráidbhaile is cóngaraí nó ag an acomhal leis an mbóthar náisiúnta is cóngaraí. Is gá comhartha a chur ann do gach acomhal eile idir sin agus tús na conaire.
- Is féidir comharthaí a chur ar fáil chuig tús conairí níos lú ar aon dul le tús conairí níos mó más gá. Ba chóir go mbeadh sé furasta tús na gconairí is mó a aimsiú. Mar sin féin, seans nár chuí comharthaí treo a sholáthar ó ionaid daonra áitiúil agus ó bhóithre náisiúnta chuig gach tús conaire mar gheall ar an gcostas a bheadh ann chomh maith leis an mbaol go mbeadh daoine trína chéile i gcás go mbeadh comharthaí chuig tús níos mó ná conair amháin sa cheantar céanna.
- I gcás comharthaí a úsáidtear ar bhóithre poiblí i bPoblacht na hÉireann, ba chóir dóibh cloí leis na treoirlínte sa Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta ón Roinn Iompair.

## D.3 Comhartha don Bhealach Isteach chuig Tús Conaire nó le Tús Conaire a léiriú

> **Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta an príomhbhealach isteach chun na conaire a aithint.**

I gcuid mhór cásanna, tá seans ann go mbeidh gá le comhartha don bhealach isteach chuig tús conaire nó comhartha le tús conaire a léiriú chun tús conaire / na pointí rochtana a thaispeáint. Ós rud é gur gá painéal eolais maidir le tús conaire a chur gar do thús na conaire, is minic na painéil sin deacair le haimsiú i gcarrchlós gnóthach.

Mar sin, beidh a fhios ag cuairteoirí go bhfuil siad san áit cheart má bhíonn comhartha ann don bhealach isteach chuig tús conaire nó le tús na conaire féin a léiriú. Moltaí don chomhartha:

- le feiceáil go soiléir don trácht atá ag dul thairis
- gan cur isteach ar an radharc i gcás daoine atá ag dul isteach chuig an láithreán/carrchlós nó ag teacht amach astu
- gan é a úsáid in am ar bith in áit comhartha bóthair/comhartha treorach ar a mbeadh téacs bán ar chúlra donn

## D.4 Painéil Eolais i dTús na Conaire

**Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta teacht go furasta ar eolas tábhachtach faoin gconair**

Ba cheart painéil eolais i dTús na Conaire a shocrú in áit le gur gá don rannpháirtí dul thar an eolas sular féidir leo dul isteach chun na conaire féin. An chúis atá leis sin ná go mbeidh an rannpháirtí in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire ag brath ar aclaíocht agus cumas an duine agus ar an trealamh atá leis.

Má bhíonn níos mó ná cineál amháin conaire le fáil i dtús conaire, dea-chleachtas atá ann ná an t-eolas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoi leith a dheighilt óna chéile, mar shampla painéal amháin do chonair rothaíochta sléibhe agus painéal eile do chonair coise.
Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a chur ar an bpainéal eolais i dtús conaire ar chonairí rothaíochta sléibhe:

- **Léarscáil** – léarscáil nó cairt atá suas chun dáta agus na nithe seo a leanas go soiléir uirthi
  - Eochair shoiléir le haghaidh na siombailí
  - Scála achair
  - Snáthaid ó thuaidh
  - An chonair iomlán
  - An nod a deir 'Tá tú Anseo'
  - Tús agus deireadh
  - Na pointí rochtana sonraithe ar fad (más cuí)
  - An áit a bhfuil bacainní, guaiseacha nó méadú ar an deacracht

- **Cur síos ar an gconair agus Grádú**
  - **Éigeantach**
    - Ainm na Conaire
    - Ainm an ghrádaithe a bhaineann le gach conair
    - Fad na conaire (ciliméadair)
    - Forléargas ar an ngrádú, grádú inrochtaineachta nuair is cuí
    - Uimhir theagmhála na Seirbhísí Éigeandála (999 nó 112)
  - **Roghnach**
    - Na Prionsabail maidir le Gan Lorg a Fhágáil – nó aon treoir láidir chuí eile
    - Modh éigin chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí – foirm ar líne/ríomhphost/uimhir fóin
    - URL gréasáin nó cód QR – chun nasc a thabhairt chuig eolas réamhchuairte

Moltar píosa den phainéal ag tús conairí a fhágáil gur féidir eolas cruinn chun dáta a chur ansin chun cuairteoirí a choinneáil ar an eolas maidir le gnéithe a athraíonn go minic, mar shampla athruithe ar ghnéithe cuir i gcás imeachtaí, druidim na conaire, guaiseacha sealadacha, etc.

## D.5 Comharthaíocht ar an gconair

### Comharthaíocht ar an gconair in áiteanna cuí

Tá dhá chatagóir i gceist le comharthaíocht ar an gconair:
- Tús Conairí agus Pointí Rochtana tábhachtacha
- Rabhaidh maidir le 'Ceann Gráid' agus guaiseacha
- Comharthaí bealaigh

Tús Conairí agus Pointí Rochtana Tábhachtacha

Tá comhartha maidir le tús conaire agus príomhphointe rochtana riachtanach ag pointe ar bith a thagann athrú ar an ngrádú, mar shampla conair éasca ag imeacht ó chonair do gach cumas.  Is gá an té a úsáideann an chonair a chur ar an eolas faoin athrú ar an ngrád. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
- An oirfidh an chonair seo duitse?
- Grádú - Ainmneacha agus Téacs
- Dathanna chun Idirdhealú a dhéanamh

Is féidir an rabhadh ginearálta a úsáid mar théacs roghnach.


***Sampla de chomhartha i dTús Conaire***



### Comharthaí bealaigh

Ba chóir comharthaí bealaigh a úsáid ionas go mbeidh úsáideoirí conaire in ann imeacht leo ar an gconair gan léarscáil a úsáid. Úsáidfear marcanna slí de ghnáth le rothaithe a threorú feadh bóithre foraoise agus iad ar an tslí go dtí an chéad stráice eile atá dírithe go sonrach ar rothaíocht sléibhe.

***Marcanna Slí samplacha***




- Ba chóir marcanna slí/comharthaí soiléire follasacha a chur i dtús conaire chun bealach na conaire/na gconairí a léiriú.
- Má bhíonn aon acomhal ar bhealach, nó más rud é go bhfuil baol ann go n-imeoidh an t-úsáideoir ón mbealach, caithfear marcanna bealaigh/comharthaíocht a sholáthar.
- Caithfear marcanna slí/cuaillí eolais a bheith socraithe go daingean agus mar is ceart ag aon acomhal mar sin agus dírithe go soiléir ar threo an taistil.
- Caithfidh marcanna bealaigh/cuaillí eolais a bheith glan, iad le feiceáil go soiléir ag rothaí a bheadh ag teacht ina dtreo agus saor ó fhásra ina fhásach. I gcás bealach atá beartaithe don taisteal sa dá threo, caithfidh na marcanna bealaigh/cuaillí eolais a bheith le feiceáil go soiléir ón dá threo.
- Is gá an dearadh céanna a úsáid do mharcanna bealaigh/cuaillí eolais agus caighdeán marcála céanna a úsáid go leanúnach feadh an bhealaigh ina iomláine.
- Má bhíonn níos mó ná bealach amháin ann sa limistéar céanna, is gá marcanna bealaigh/cuaillí eolais a dhathú nó a uimhriú i gcás gach bealaigh ionas go mbeifear in ann gach bealach a aithint go soiléir agus a leanúint.
- Má bhíonn aon mhalairt slí ann ar an mbealach, ní mór marcanna/comharthaí soiléire a chur ar fáil lena léiriú.

## D.6 Athbhreithniú i ndiaidh Cuairte

**» Is gá modh a aimsiú chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí**

Ba chóir modh ar líne a thabhairt d'úsáideoirí le gur féidir leo aiseolas a thabhairt. Beidh an t-aiseolas ag baint le ceisteanna bainistíochta/cothabhála agus an t-eispéireas ar an gconair.

# Aguisín E:
# Gluais na dTéarmaí

**Clárchosáin** - struchtúir déanta as adhmad nó plaisteach athchúrsáilte a thógtar go coitianta chun dul thar áiteanna a bhfuil talamh an-íogair nó an-fhliuch iontu. Déantar iad a ardú os cionn leibhéal na talún de ghnáth. Is bunaithe ar Ghrád na Conaire a shocrófar leithead an chlárchosáin, an airde os cionn leibhéal na talún agus an cinneadh maidir le ráillí láimhe a chur ann nó gan. Beidh Grád na Conaire níos airde ann más clárchosán níos cúinge atá ann. Beidh Grád na Conaire níos airde más airde atá an chonair os cionn na talún.

**Droichid** - is gá droichid a úsáid mar chuid den dearadh ar chonairí áirithe chun dul thar shruthchúrsa nó thar áit atá iontach fliuch. Ar gach Grád Conaire beidh íosleithead ann chomh maith le droichead cineál faoi leith dromchla. Ba chóir go mbeidís sin ag teacht leis an leithead agus dromchla atá ar an gcuid eile den chonair. Chomh maith leis sin, cuirfear in iúl go sonrach má bhíonn ráillí láimhe ag teastáil.

**Aisiompú Grád** - is éard atá i gceist leis seo ná go ndéantar grádán na conaire a aisiompú, i.e. ó cheann atá le fána go ceann in éadan na mala (nó a mhalairt) thar aon achar. Bíonn an-éagsúlacht i gceist le fad, doimhneacht, grádán agus minicíocht ag brath ar aicmiú nó catagóir na conaire. Is é is cuspóir d'aisiompú gráid brú a chur ar an uisce imeacht den chonair ag an bpointe íseal den aisiompú gráid chun creimeadh a chosc.
Tá toisí sonraithe ann don fhad íosta, doimhneacht uasta agus géire uasta don aisiompú gráid ag baint le conairí de gach grád -

- Is éard atá i gceist le fad íosta aisiompaithe gráid ná an t-achar idir na pointí is airde ag an dá thaobh den aisiompú gráid.
- Is éard atá i gceist leis an doimhneacht uasta ná an doimhneacht idir an pointe is ísle den aisiompú gráid agus na pointí is airde ag an dá thaobh den aisiompú gráid.
- Níor chóir go mbeadh géire an aisiompaithe gráid níos mó ná grádán uasta iomlán Ghrád na Conaire

Más cóngaraí atá gach aisiompú gráid dá chéile agus más gairide agus doimhne atá siad, is é is airde a bheidh Grád na Conaire. Dá airde atá an grádán ag an bpointe is géire den aisiompú gráid, is é is airde a bheidh Grád na Conaire

**Athruithe Leibhéil**- an sainmhíniú atá orthu seo ná an áit a dtagann athrú ar leibhéal an dromchla ar chonair go leibhéal atá níos airde nó níos ísle. Tá tionchar an-suntasach ag airde agus minicíocht athruithe leibhéil ar aicmiú aon chonaire, i.e. dá mhéad an t-athrú leibhéil agus dá mhinice na hathruithe sin, is é is airde a bheidh Aicmiú na Conaire. An chúis atá le hathruithe mar sin ná gnéithe ar dhromchla na conaire, cuir i gcás céimeanna, carraigeacha nó fréamhacha. Féadfaidh na gnéithe sin de chonair a bheith nádúrtha nó sainchuspóireach.

**Amharclínte** - líne dhíreach a mbíonn radharc glan ag úsáideoir na conaire ar a feadh. Beidh amharclíne íosta ar gach conair a bheidh i bhfeidhm ar an gconair iomlán. Ba chóir ribín tomhais nó, le bheith níos cruinne, roth landair a úsáid leis an achar sin a thomhas ó gach bac nó coirnéal.

**Meánghrádán Uasta** - seo meánghrádán na fána ar gach ardú agus titim feadh na conaire. Úsáidtear an t-achar ingearach thar achar cothrománach chun an grádán a ríomh. Mar shampla, más 10m atá san achar ingearach thar achar cothrománach de 100 méadar, grádán 10% a bheidh ann. An bealach is cruinne leis seo a thomhas ná claonmhéadar a úsáid – sin uirlis a úsáidtear chun uillinneacha d'fhánaí, airde nó logán a thomhas. Is féidir rian GPX a úsáid chomh maith chun tomhas garbh a dhéanamh.

Ríomh:
Achar Ingearach (10 m) x 100 = Grádán (10%)
Achar cothrománach (100m)

**Grádán Uasta Iomlán** - seo an chuid is géire den chonair. Tá achar uasta faoi leith ag baint le gach grád conaire chun an grádán uasta iomlán a ríomh.

**Aicmiú Bóithre:**

- **Náisiúnta:** Príomhbhóithre náisiúnta is ea an chuid is mó de na bealaí móra idir na limistéir mhóra uirbeacha. Tá bóithre náisiúnta den dara grád ina gcuid thábhachtach den ghréasán náisiúnta bealaí. Mar sin féin, níl siad chomh tábhachtach leis na bealaí artaireacha, atá aicmithe mar na príomhbhóithre náisiúnta. Bíonn an réimír "N" ag bóithre den chatagóir seo agus digit amháin nó dhá cheann ina dhiaidh. An luasteorainn réamhshocraithe atá ann ná 100 km/u
- **Réigiúnach:** Cineál bóthair nach bhfuil mar chuid de bhealach tábhachtach (mar shampla príomhbhóthar náisiúnta nó bóthar den dara grád) ach, mar sin féin, atá mar nasc sa líonra náisiúnta bealaí. Úsáidtear uimhreacha bealaigh trí dhigit ar bhóithre réigiúnacha agus "R" rompu (mar shampla R105). An luasteorainn réamhshocraithe atá ann ná 80 km/u
- **Áitiúil:** bóthar poiblí nach bhfuil aicmithe mar phríomhbhóthar náisiúnta, bóthar den dara grád ná bóthar réigiúnach ach, mar sin féin, atá mar nasc ar an líonra náisiúnta bóithre. Úsáidtear uimhreacha bealaigh ceithre dhigit nó cúig dhigit ar bhóithre áitiúla agus "L" rompu (mar shampla L3005 nó L97476).

Tá tuilleadh eolais ar fáil sa cháipéis Treoirlínte na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar Aicmiú agus Sceidealú Bóithre

**Céimeanna** - athruithe saorga leibhéil chun airde a bhaint amach nó a chailleadh ar thalamh géar. Is féidir iad a thógáil as cloch (tumadh cloiche) nó as adhmad agus é líonta le cloch. Bíonn éadan céimeanna agus boinn iontu.
Caithfidh airde éadan na céime cloí lena luaitear i nGrádú na Conaire. Tá tábhacht ag baint le hairde éadan na céime agus minicíocht na gcéimeanna ó thaobh na ndaoine atá in ann an chonair a úsáid. Is éard atá sa bhonn ná an chuid chothrom uachtarach den chéim. Caithfidh leithead agus fad an bhoinn cloí leis na toisí a luaitear i nGrádú na Conaire. Anuas air sin, tá tionchar ag céatadán na gcéimeanna i gconair ar bith ar Ghrádú foriomlán na Conaire, i.e. beidh catagóir níos airde conaire i gceist le céatadán níos airde céimeanna.

**Íoschéimniú agus Íoschéimniú Inrollta** - Gnéithe Teicniúla Conairí ar féidir iad a chur isteach i gConairí Rothaíochta Sléibhe. Athruithe ar an leibhéal sa chonair iad atá níos mó ná 500mm ar airde. Chomh maith leis sin, tagann athrú go tobann ar leibhéal na conaire ar cheann de na bealaí seo: éadan ingearach idir an dá leibhéal nó fána nach bhfuil iomlán ingearach ach atá fós géar i gcás céim síos inrollta.

**Íoschéimniú** - oiriúnach go díreach ar Chonairí Dearga Rothaíochta Sléibhe agus níos airde ná sin. Is gá a suíomh agus ailíniú a mheas go han-chúramach. Ní chóir dóibh a bheith níos mó ná 500mm ar airde agus 4m óna chéile ar a laghad. An chúis atá leis sin ná lena chinntiú gur féidir le húsáideoirí na conaire iad féin a ullmhú chun dul i ngleic leis an ngné. Dá mbeidís níos lú ná 4m óna chéile bheadh sé an-deacair ag úsáideoirí na conaire plé leo.

**Céimeanna síos inrollta** - athruithe ar an leibhéal áit a bhfuil fána nach bhfuil iomlán ingearach idir leibhéal uachtarach agus íochtarach na conaire, áit a bhfuil rothaithe in ann an rothar 'a rolláil' thar an ngné seachas titim mar a bhíonn i gceist le céim síos.

**Gnéithe Teicniúla de Chonaire:**

**Rollóirí** - gléasanna saorga iad seo a sheasann saor chun an grád a aisiompú, iad cruthaithe as ábhar iompórtáilte chun an ghné a thógáil thar an talamh thart orthu. Tá éagsúlacht méideanna i gceist leo, chomh beag le 500mm ar airde agus chomh hard le 1500mm. An chúis atá leo ná le gnéithe teicniúla a chur le conairí rothaíochta sléibhe.

Ba chóir iad a úsáid i gconairí Gorma agus níos airde. Caithfidh na toisí agus minicíocht a bheith ag teacht leis an sainmhíniú a thugtar i ngrádú na Conaire.

**Ardchláir** - gnéithe réasúnta mór iad seo nár chóir iad a chur san áireamh ach i gConairí Rothaíochta Sléibhe atá ar leibhéal Dubh nó níos airde. Is gá a n-ailíniú agus suíomh a mheas go han-chúramach, agus mar an gcéanna le toisí, airde agus grádáin na gcomhpháirteanna iontu. Go bunúsach, rollóirí is ea na hardchláir, ach slite agus athruithe níos géire iontu chomh maith le harda atá níos faide agus níos leibhéalta. Is féidir ardchláir a úsáid mar léimeanna ach tá sé riachtanach go mbeidh rothaithe in ann rolladh thar gach cuid den ghné. Tá sé riachtanach go dtógtar ardchláir de réir na dtoisí riachtanacha a bhaineann le Grád na Conaire. Má bhíonn ardchlár in áit mhíchuí nó má bhíonn toisí míchuí ar cheann, féadfaidh siad a bheith mar ghuais roimh úsáideoirí conaire.

**Castaí** - áiteanna a dtagann casadh nó athrú suntasach ar threo na conaire. Is féidir castaí a úsáid ar chúiseanna éagsúla, na cinn seo ina measc

- Le dul ar mhalairt treo nó chun áit faoi leith a bhaint amach
- Chun airde a bhaint amach nó a chailleadh ar fhána ghéar

Beidh an cineál casta a úsáidtear i ndearadh conaire bainteach go ginearálta le géire na taobhfhána agus leis an leithead atá ar fáil chun an casadh a dhéanamh. Is minic creimeadh le fáil san áit a bhfuil casadh, mar gheall ar uisce ar an gconair nó mar gheall ar úsáid. Mar sin, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go ndéantar an casadh ceart a aithint i ndearadh na conaire ionas gur lú an leibhéal creimthe a chuirfidh isteach ar an gcasadh.

Tá ceithre chineál casta ann go bunúsach, mar seo a leanas:

**Casadh fána** - Úsáidtear an cineál seo de chasadh go ginearálta ar thaobhfhána níos lú ná 10% atá níos cothroime. Is éard is casadh fána ann casadh leathan de idir 60˚agus 100˚, áit a mbítear ag éirí níos airde nó níos ísle agus an casadh féin ar bun, áit nach n-éiríonn taobhfhána níos mó ná 10%. Tá ga 15 mhéadar ar a laghad iontu agus, go ginearálta, bíonn tráchtanna conaire cothroma nó tráchtanna casta amach fána iontu.
Ós rud é go bhfuil na castaí seo leathan agus cothrom, tá sé éasca iad a ionramháil agus is féidir iad a úsáid ar Chonair de Ghrád ar bith.

**Casadh fána ar an mala** - Úsáidtear an cineál seo de chasadh go ginearálta ar thaobhfhána chomh mór le 20% atá níos géire. Ar aon dul le casadh fána, casadh leathan de idir 60° agus 100˚ atá sa chasadh fána ar an mala. Mar sin féin, i gcás casadh fána ar an mala, tá an trácht go suntasach istigh sa mhala ionas gur féidir taisteal thart ar an gcasadh. Fágann an dul suas nó síos ar an mala gur féidir casadh níos oscailte agus níos leithne a thógáil ar thaobhfhánaí atá píosa beag níos géire ós rud é go dteastaíonn sraodbhalla ar an gcuid is ísle den chasadh ionas gur féidir an trácht a chur isteach sa mhala. Fágann sé seo gur féidir an casadh a thógáil ar thaobhfhánaí atá níos géire, suas le 20%. Ós rud é go bhfuil na castaí seo leathan agus cothrom, tá siad éasca a úsáid agus is féidir iad a úsáid ar Chonair de Ghrád ar bith.

**Aisiompú treo droma rollta** - Is éard a dhéanann aisiompú ná an treo a athrú agus cuidiú ann ó dhromchla tógtha atá measartha leibhéalta. Mar sin, tá an casadh féin ar mhullach. Leis sin a thógáil, tógadh cos íochtair an chasta suas chun bheith leis an gcos uachtair. Leis sin a dhéanamh, tógadh sraodbhalla. Casadh i bhfad níos géire níos lú ná 70° atá san aisiompú treo droma rollta. Tá sé deacair iad a thógáil ach tá siad i bhfad níos inmharthana ar fhánaí géara ná casadh fána, mar sin is féidir iad a úsáid ar thaobhfhánaí níos mó ná 10% agus chomh mór le 70%. I gcás aisiompú treo droma rollta, ní mór don gha a bheith níos lú ná 3m agus ní féidir leis na grádáin ar na cosa isteach agus amach a bheith níos mó ná 5%. Ós rud é go bhfuil an cineál seo de chasadh níos teinne ná casadh fána nó casadh fána ar an mala, níl siad chomh furasta céanna a úsáid agus, dá bharr sin, níor chóir iad a úsáid ach ar Chonairí Rothaíochta Sléibhe atá ar leibhéal Gorm ar leibhéal níos airde.

**Beirmeacha** - castaí iad seo atá níos lú ná 90°, áit a bhfuil an taobh amuigh den chasadh treisithe agus curtha isteach sa mhala ar ghrádán géar. Déantar a leithéid go ginearálta ionas gur féidir castaí a dhéanamh ar thaobhfhánaí géara, chun sruth éifeachtach a spreagadh ar an gconair agus chun sleamhnú agus creimeadh a chosc. Chun an bheirm féin a dhéanamh, déantar suas leibhéal an taoibh amuigh den chasadh agus déantar trácht na conaire a chur isteach sa mhala go suntasach ar leibhéal suas le 50%.

SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

**Spórt Éireann**
An Clós, Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir
D15 PN0N, Éire
Fón: +353-1-860 8800

www.sportireland.ie